Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14386/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0375 (COD)**

**AG 111**
**INST 422**
**PE 114**
**FIN 931**
**DATAPROTECT 272**
**CODEC 1554**
**DISINFO 39**
**FREMP 280**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14388/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 734 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 734 final.

Faoi iamh: COM(2021) 734 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 734 final

2021/0375 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)**

{SEC(2021) 577 final} - {SWD(2021) 359 final} - {SWD(2021) 360 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### Forais agus cuspóirí an togra

Tá an daonlathas ar cheann de na luachanna bunúsacha ar bunaíodh an tAontas Eorpach orthu. Le deimhin a dhéanamh d'fheidhmiú an daonlathais ionadaíoch ar an leibhéal Eorpach, is é a shonraítear sna conarthaí go bhfuil ionadaíocht dhíreach ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh i bParlaimint na hEorpa.

Tá ról ríthábhachtach leis na páirtithe polaitiúla sa daonlathas polaitiúil, ról a chruthaíonn ceangal díreach idir an pobal agus an córas polaitiúil. I gcomhréir le hAirteagal 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, rannchuidíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha '*le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl*'. Cuirtear an prionsabal céanna in iúl in Airteagal 12(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Is tosaíocht don Choimisiún é iarracht nua a dhéanamh ar dhaonlathais na hEorpa. Mar a fógraíodh i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen [1], tá moltaí i gClár Oibre an Choimisiúin do 2021[2] maidir le rialacha níos soiléire maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus maidir le tuilleadh trédhearcachta in ábhar polaitiúil urraithe ('fógraíocht pholaitiúil'). Leagtar béim sa phlean gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach[3] ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar an ngá atá le níos mó trédhearcachta san fhógraíocht pholaitiúil agus sa chumarsáid pholaitiúil, agus sna gníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis. Is amhlaidh atá ionas gur féidir le vótálaithe, leis an tsochaí shibhialta agus leis na húdaráis fhreagracha foinse agus cuspóir na fógraíochta sin a fheiceáil go soiléir.

Rialachán Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 , is rud é lena rialaítear le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha[4]. Áirítear ann go príomha an urraim do na luachanna ar a bhfuil an AE fothaithe, lena n-áirítear an daonlathas agus cearta bunúsacha.

Tar éis mheastóireacht Pharlaimint na hEorpa[5] agus an Choimisiúin[6] ar chur i bhfeidhm an Rialacháin a rinneadh i gcomhréir le clásal athbhreithnithe an Rialacháin (Airteagal 38), sainaithníodh roinnt bealaí éalaithe, rud a chuireann bac ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a misean a chomhlíonadh go hiomlán chun cur le cruthú spáis pholaitiúil Eorpaigh.

Ina theannta sin, ní thugtar aghaidh go leordhóthanach sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair ar an ngá atá le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla, rud atá bunriachtanach le haghaidh díospóireacht dhaonlathach chothrom agus saorthoghchán cothrom. Mar a cuireadh in iúl, i

1 political-guidelines-next-commission_en_0.pdf (europa.eu)

2 https://ec.europa.eu/info/publications/2021-commission-work-programme-key-documents_en.

3 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/european-democracy-action-plan_en

4 IO L 317, 4.11.2017, lgh. 1-27.

5 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2021-0294_EN.pdf

6 COM(2021)717 final an 23.11.2021

measc nithe eile, i dtuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir le toghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa[7], tá gá le dul níos faide.

Dá bhrí sin, tá togra á chur ar aghaidh ag an gCoimisiún chun Rialachán 1141/2014 a leasú d'fhonn (i) inmharthanacht airgeadais páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú, (ii) a n-idirghníomhaíochtaí lena mballpháirtithe náisiúnta a éascú, ionas gur fusa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha páirt a ghlacadh i bhfeachtais náisiúnta ar ábhair AE, (iii) na lúba ar lár atá fágtha maidir le foinsí agus trédhearcacht maoinithe a dhúnadh (go háirithe tabhartais agus maoiniú ó lasmuigh de AE), (iv) ualach iomarcach riaracháin a laghdú, agus (v) an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú. Ina theannta sin, moltar leasuithe sonracha a dhéanamh ar an Rialachán chun ardchaighdeáin trédhearcachta a ráthú a thugann aghaidh ar thimpeallacht nua feachtais pholaitiúil ar líne atá ag teacht chun cinn agus ar an mbaol cur isteach ón gcoigríoch agus ar shárú na rialacha maidir le cosaint sonraí san fhógraíocht pholaitiúil.

Cuireann an togra seo leis an taithí agus an comhar ábhartha idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais chun saorthoghcháin chothroma a chur chun cinn san Aontas Eorpach[8] agus chun an bhréagaisnéis agus cineálacha eile cúblála faisnéise agus cur isteach ar dhaonlathas na hEorpa a chomhrac[9].

Chun a áirithiú go reáchtálfar toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa faoi na caighdeáin dhaonlathacha is airde, ní mór do na leasuithe ar an Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus a bheith curtha chun feidhme go hiomlán ag na Ballstáit faoi earrach 2023, i.e. bliain amháin roimh na toghcháin.

**<u>Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana</u>**

Tá dlúthbhaint ag an tionscnamh seo leis an obair atá á déanamh ar thionscnaimh eile sa phacáiste trédhearcachta agus daonlathais atá i gClár Oibre an Choimisiúin do 2021. Ullmhaíodh é faoin bplean gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach, lena n-áirítear roinnt tionscnamh chun sláine toghchán a chosaint agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn, agus is cuid de thosaíocht an Uachtaráin é iarracht nua a dhéanamh ar dhaonlathas na hEorpa.

Cuireann sé le pacáiste toghcháin 2018 an Choimisiúin[10] agus leis an obair atá á déanamh ag an Líonra Eorpach Comhair maidir le Toghcháin, a bhunaigh an Coimisiún.

Ullmhaíodh é i gcomhthráth le tionscnamh ón gCoimisiún sa phacáiste trédhearcachta agus daonlathais chun trédhearcacht a rialú agus díriú ar fhógraíocht pholaitiúil. Trí ardleibhéal comhchuibhithe trédhearcachta a chur ar fáil maidir le fógraíocht pholaitiúil, cuireann an

[7] COM(2020)252 final an 19.06.2020 agus SWD(2020)113 final an 19.06.2020

[8] Go háirithe trí chur chun feidhme phacáiste toghchánaíochta mhí Mheán Fómhair 2018 ón gCoimisiún, a bhfuil cur síos air i dtuarascáil an Choimisiúin maidir le toghcháin 2019 agus an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis

[9] Faoi threoir an Phlean Gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise, a tuairiscíodh sa Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, "dul i ngleic le bréagaisnéis COVID", sa mheasúnú a rinne an Coimisiún ar an gcéad bhliain inar cuireadh an Cód Cleachtais féinrialála maidir le bréagaisnéis i bhfeidhm, agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cód Cleachtais an Aontais maidir le bréagaisnéis a Neartú.

[10] Staid an Aontais 2018:Bearta beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach chun a chinntiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann (europa.eu)

tionscnamh seo le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cuidíonn sé le bacainní ar sholáthar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar fud an Aontais a bhaint agus a chosc. Tá sé d'aidhm aige freisin srianta comhchuibhithe a bhunú ar úsáid teicnící áirithe dírithe agus fógraíocht pholaitiúil á scaipeadh chun a áirithiú go gcosnófar daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil sa chomhthéacs sin.

**Comhsheasmhacht le forálacha beartais eile de chuid an Aontais**

Trí fhorálacha a chur isteach chun trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla ar íocaíocht a mhéadú, tá an tionscnamh comhsheasmhach le plean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na bréagaisnéise.

Leis an tionscnamh seo, tugtar aghaidh ar mhaoiniú, ullmhú, cur agus scaipeadh na fógraíochta polaitiúla a dhéanann páirtithe polaitiúla Eorpacha. Cumhdaítear leis gníomhaíochtaí ar líne agus as líne araon agus comhlánaíonn sé rialacha reatha an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[11], ina leagtar síos ardchaighdeáin cosanta sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le fógraíocht pholaitiúil agus ina ndéantar foráil maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le páirtithe polaitiúla Eorpacha ó thaobh freagrachta agus cuntasachta de.

Comhlánaíonn sé freisin an togra le haghaidh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha[12], lena n-áirítear oibleagáidí ginearálta trédhearcachta áirithe d'idirghabhálaithe ar líne maidir le trédhearcacht na fógraíochta ar líne agus creat leathan an Aontais do mhargadh na seirbhísí digiteacha.

[13]Leis an tionscnamh, tugtar cosaint níos láidre do leasanna airgeadais an Aontais trí dheireadh a chur leis an tréimhse 3 mhí idir cinneadh díchláraithe ón Údarás agus teacht i bhfeidhm an chinnidh. Ina theannta sin, shainaithin Parlaimint na hEorpa na catagóirí teoranta ioncaim a aithnítear i Rialachán 1141/2014 mar cheann de na cúiseanna le mírialtachtaí airgeadais ag páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Má thugtar isteach catagóir bhreise ioncaim ('acmhainní dílse') tabharfar aghaidh ar an bhfadhb sin.

Tá an tionscnamh atá beartaithe i sineirgíocht leis na hiarrachtaí atá á stiúradh ag AE go seachtrach chun tacú le páirtithe polaitiúla, daonlathas ionadaíoch agus iolrachas polaitiúil, trédhearcacht agus cuntasacht, mar a léirítear i "bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024"[14] agus sa "Clár téamach um Chearta an Duine agus um an Daonlathas 2021-2027"[15]. Breathnóidh Misin Toghcháin AE ar fheachtais toghcháin, ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla agus feachtais agus féadfaidh siad bearta a mholadh do thíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar a gcreat rialála i ndáil leis sin.

---

11 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88).

12 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12418-Digital-Services-Act-package-ex-ante-regulatory-instrument-of-very-large-online-platforms-acting-as-gatekeepers agus https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12417-Digital-Services-Act-deepening-the-Internal-Market-and-clarifying-responsibilities-for-digital-services

13 Straitéis um chomhionannas inscneAn Coimisiún Eorpach (europa.eu)

14 https://eeas.europa.eu/sites/default/files/eu_action_plan_on_human_rights_and_democracy_2020-2024.pdf

15 https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/factsheet-global-europe-ndici-june-2021_en.pdf

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### Bunús dlí

Is ar Airteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh atá an moladh bunaithe, Airteagal ina dtugtar 'o Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, an chumhacht chun reacht na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe na rialacha maidir lena maoiniú, agus ar Airteagal 106a den Chonradh lena mbunaítear An Comhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach atá an moladh bunaithe[16].

### Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Is trí reachtaíocht AE amháin is féidir aon easpa sa chóras sin a leigheas, sin de bhrí gurb é a fhoráiltear sa Rialachán atá ann córas ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear pearsantacht dhlítheanach Eorpach ar leith le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí agus cistiú as buiséad an Aontais. Ní rogha a bhaineann le hábhar beart a dhéanfadh Ballstáit leis féin.

Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir rialacha a leagan síos maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a rialú. Dá bhrí sin, tá na hathruithe atá beartaithe ag cloí go hiomlán le prionsabal na coimhdeachta.

Agus bearta athchóirithe féideartha á leagan amach aige, is cúramach a léirigh an Coimisiún na prionsabail i bPrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí.

### Comhréireacht

Ní théann na bearta spriocdhírithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir fadtéarmach a ghnóthú maidir le daonlathas Eorpach agus dlisteanacht institiúidí an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a neartú, trí ghníomhaithe daonlathacha níos éifeachtaí agus níos cuntasaí a dhéanamh de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

Dá bhrí sin comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

### An rogha ionstraime

I bhfianaise a riachtanaí atá sé teanga a thabhairt cothrom le dáta, tagairtí agus forálacha atá imithe i léig, is iomchuí an Rialachán a athmhúnlú.

Ós rud é gurb é an togra seo Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a athmhúnlú, is í an ionstraim dlí chéanna an ionstraim dlí is iomchuí.

---

16 https://europa.eu/european-union/sites/europaeu/files/docs/body/consolidated_version_of_the_treaty_establishing_the_european_atomic_energy_community_en.pdf

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### <u>Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana</u>

Tá an togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil mheastóireachta a d'ullmhaigh an Coimisiún, de bhun Airteagal 38 de Rialachán 1141/2014.

Cuirtear san áireamh ann freisin tuarascáil féintionscnaimh Pharlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 38 de Rialachán 1141/2014.

### <u>Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara</u>

Agus an togra reatha á ullmhú, bhí an Coimisiún i ndlúth-idirphlé agus i ndlúthchomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

Thionóil an Coimisiún roinnt cruinnithe le hionadaithe na bpáirtithe polaitiúla agus na bhfondúireachtaí polaitiúla ar leibhéal Eorpach, le Parlaimint na hEorpa (Feisirí, grúpaí polaitiúla agus seirbhísí), agus leis an Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, chomh maith le saineolaithe náisiúnta agus ionadaithe údarás inniúil náisiúnta.

Baintear leas sa togra reachtach freisin as toradh na gcomhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an bplean gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach[17], maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán 1141/2014[18] agus maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla[19].

### <u>Bailiú agus úsáid saineolais</u>

Agus an togra seo á ullmhú, rinne an Coimisiún dhá staidéar saineolaithe seachtracha a chonrú; Meastóireacht ar an Rialachán reatha agus staidéar ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag a athbhreithniú.

Thairis sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an Údarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, chomh maith le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa.

### <u>Measúnú tionchair</u>

Ullmhaíodh dhá thuarascáil ar mheasúnú tionchair; Ceann amháin maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán 1141/2014 agus an dara ceann faoi thrédhearcacht na fógraíochta polaitiúla.

---

17 Tá na torthaí ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/report_edap_public_consultation_final.pdf

18 Tá na torthaí ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12811-European-political-parties-and-foundations-review-of-rules-on-legal-status-and-funding/public-consultation_en

19 Tá na torthaí ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12826-Transparency-of-political-advertising/public-consultation_en

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ina leith an 27 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair 2021 faoi seach.

**Cearta bunúsacha**

Tá tionchar dearfach ag gach beart atá beartaithe san athbhreithniú seo ar chearta bunúsacha.

Tá an t-athbhreithniú ar Rialachán 1141/2014 ag luí go hiomlán leis na cearta bunúsacha a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil agus tugtar éifeacht do na cearta sin. Ba iad seo a leanas na moltaí sin:

Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (Airteagal 11)

*'1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.*

*2. Déanfar saoirse agus iolrachas na meán a urramú.*

Cuirfidh na bearta atá beartaithe leis an trédhearcacht agus, dá bhrí sin, leis an gcuntasacht agus ní bheidh tionchar diúltach acu ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ós rud é nach gcuireann an tionscnamh isteach ar ábhar na dteachtaireachtaí polaitiúla. Tá tionchar dearfach ag an nochtadh níos trédhearcaí agus níos cuntasaí sin ar ghníomhartha polaitiúla ar chosaint grúpaí leochaileacha ar chúbláil.

Saoirse comhthionóil agus comhlachais (Airteagal 12)

'1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais ar gach leibhéal, go háirithe in ábhair pholaitiúla, ceardchumainn agus sibhialta, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ag gach duine an ceart chun ceardchumainn a chur ar bun agus an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumainn chun a leasanna a chosaint.

2. Rannchuidíonn na páirtithe polaitiúla ar leibhéal Aontais chun toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.'

Trí na rialacha airgeadais lena rialaítear páirtithe polaitiúla Eorpacha a shoiléiriú agus tríd an gcaidreamh atá acu lena mballpháirtithe náisiúnta a neartú, beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha in ann a ngníomhaíochtaí a mhéadú. Tacóidh sé sin, ar a sheal, le hAirteagal 12(2) den Chairt.

An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 39)

'1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina gcónaíonn sé nó sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

2. Toghfar comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, trí shaorbhallóid rúnda'.

Áiritheofar le breis trédhearcachta go n-urramófar an ceart sin agus go mbeidh daoine in ann a sheiceáil an gcuireann an páirtí a dtacaíonn siad leis ar leibhéal an Aontais a dtoil pholaitiúil in iúl, mar atá leagtha síos in Airteagal 12 agus in Airteagal 39.

Comhionannas idir fir agus mná (Airteagal 23)

'Ní mór comhionannas idir fir agus mná a áirithiú i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá. Ní chuirfidh prionsabal an chomhionannais cosc ar bhearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena bhforáiltear do bhuntáistí sonracha i bhfabhar an ghnéis thearcionadaithe.'

Trí ghné inscne a chur leis an athbhreithniú ar an Rialachán, áirithítear go gcomhlíonfar Airteagal 23 trí ionadaíocht chothrom ar an dá inscne i bpáirtithe polaitiúla a ráthú. Leis an bprionsabal sin ceadaítear bearta a mbeidh ionadaíocht níos fearr mar thoradh orthu.

Tacóidh na forálacha atá beartaithe in Airteagail 3, 4, 18 agus 27 den Rialachán chun trédhearcacht na cothroime inscne a mhéadú le hAirteagal 23 den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chun an ráta cómhaoinithe do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a ísliú ó 10 % go 5 % faoi láthair agus an ráta nua cómhaoinithe 0 % do bhliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, d‘fhéadfadh sé go mbeadh gá le hacmhainní airgeadais breise a sholáthar do pháirtithe agus d’fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Mar sin féin, is faoin údarás buiséadach a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Tá na himpleachtaí buiséadacha don Údarás do pháirtithe polaitiúla Eorpacha mionsonraithe sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra seo. Ba cheart é sin a dhéanamh trí na hacmhainní atá ann cheana a ath-imlonnú, agus beidh gá pleananna bunaíochta na n-institiúidí ranníocaíochta a mhodhnú chuige sin.

D’fhéadfadh an Coimisiún, thar ceann an Údaráis um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, píolóta a sholáthar den Stór dá bhforáiltear sa leasú ar Airteagal 7 den Rialachán. Chuige sin, d’fhéadfadh sé leas a bhaint as acmhainní ón gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV), murar féidir na cistí riachtanacha a chur ar fáil in am do thoghcháin 2024 chuig Parlaimint na hEorpa.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**<u>Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe</u>**

Déantar foráil faoi láthair in Airteagal 38 den Rialachán maidir leis an úsáid a bhainfear as an sásra meastóireachta agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin gach cúig bliana. I bhfianaise na taithí atá ann faoi láthair, déanfar an fhoráil seo a mhodhnú beagán chun an t-am a bheidh ag teastáil chun an próiseas meastóireachta sin a chur i gcrích a leithdháileadh níos fearr.

Tá sé beartaithe freisin próiseas meastóireachta ar leith a bheith ann maidir le cur chun feidhme na nósanna imeachta maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla, chun comhleanúnachas le Rialachán (AE) 2022/XX [maidir le trédhearcacht agus díriú ar fhógraíocht pholaitiúil] a chaomhnú.

Déanfar faireachán ar na hathruithe a fheidhmítear sa chreat dlíthiúil mar thoradh ar an athbhreithniú sin bunaithe ar na táscairí sa tuarascáil ar an measúnú tionchair[20].

[20] SWD(2021) 359 final an 23.11.2021.

**Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ionas go gcomhlíonfaidh siad a ról mar a shainmhínítear in Airteagal 10(4) CAE, ní mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith in ann feachtais trasteorann a chur i gcrích san Aontas Eorpach. Leasófar an sainmhíniú ar 'páirtí polaitiúil Eorpach' in Airteagal 2(3) chun an coincheap sin a ionchorprú.

Leasófar an sainmhíniú ar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach in Airteagal 2(4) chun go bhféadfar gníomhaíochtaí forbartha acmhainní a eagrú a d'fhéadfadh ceannaireacht pholaitiúil a chruthú san Eoraip amach anseo.

Chun trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla íoctha a áirithiú, tabharfar isteach le hAirteagal 2(16) agus (17) sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil agus ar fhógraíocht pholaitiúil trí thagairt a dhéanamh do Rialachán (AE) 2022/XX maidir le [trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla íoctha].

Tá sainmhíniú an-sriantach ag an Rialachán atá ann faoi láthair ar fhoinsí ioncaim, atá teoranta do ranníocaíochtaí nó tabhartais, rud a chruthaíonn deacrachtaí do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus iad ag iarraidh acmhainní uathghinte a aicmiú agus cuntasaíocht chuí a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, le hAirteagal 2(9) nua tabharfar isteach tríú catagóir d'fhoinsí ioncaim atá nasctha le hioncam airgeadais arna chruthú ag gníomhaíocht an pháirtí nó na fondúireachta. Leasófar Airteagal 23 chun uasteorainn a chur leis an ioncam ón gcatagóir nua sin ionas nach ndéanfar sárú air i ndáil le buiséad foriomlán an eintitis sin.

Thairis sin, tabharfar isteach Airteagal 2(10) nua chun soiléiriú a dhéanamh ar choincheap an chistithe indírigh agus nár cheart go gcuirfeadh a thoirmeasc cosc ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dul i dteagmháil lena mballpháirtithe agus lena n-eagraíochtaí.

Leasófar Airteagal 3(1) pointe (d) agus Airteagal 3(2) pointe (c) chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an oibleagáid luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chomhlíonadh, mar a luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní hamháin maidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ach gur cheart do na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sin a áirithiú freisin go n-urramaíonn a mballpháirtithe agus a mballeagraíochtaí na luachanna sin.

Ba cheart go léireofaí éagsúlacht na sochaithe i bpolaitíocht na hEorpa. Chun comhionannas inscne a chur chun cinn, ceanglófar ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a rialacha inmheánacha maidir le comhionannas inscne a áireamh ina reachtanna faoi Airteagal 4. Ina theannta sin, leasófar Airteagal 21 chun fianaise a iarraidh ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha maidir le hionadaíocht inscne agus iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú AE. Leasófar Airteagal 30 chun smachtbhannaí a chur san áireamh má theipeann ar pháirtí polaitiúil Eorpach fianaise den sórt sin a chur ar fáil. Spreagtar na páirtithe polaitiúla Eorpacha freisin chun faisnéis a chur ar fáil i ndáil le cuimsitheacht agus ionadaíocht na mionlach ag a mballpháirtithe.

Sonraítear in Airteagal 4 nach mór do dhealbha an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh rialacha inmheánacha maidir le húsáid fógraíochta polaitiúla a áireamh.

Cuirfear Airteagal 5, ina leagtar síos na ceanglais trédhearcachta le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, isteach sa Rialachán. Déantar foráil san Airteagal seo maidir le hoibleagáidí is infheidhme maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha, eadhon: (i) na soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a n-oibríonn siad leo, ní mór dóibh a n-oibleagáidí dá bhforáiltear i

Rialachán 2022/xx a chomhlíonadh, (ii) i gcás gach fógraíochta polaitiúla a ndéanann siad urraíocht uirthi nó a fhoilsíonn siad go díreach, ní mór faisnéis iomchuí a chur sa stór atá á bhainistiú ag an Údarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, agus (iii) ní mór beartas a bhunú chun fógraíocht pholaitiúil a úsáid. Thairis sin, má bhaineann siad úsáid as teicnící spriocdhírithe nó méadaithe a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta polaitiúla, ní mór dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 12 de Rialachán 2022/xx.

Le hAirteagal 5 bunaítear freisin oibleagáid ar na Ballstáit údaráis rialála náisiúnta a ainmniú a bheidh inniúil maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach san Airteagal, agus tugtar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 maoirseacht a dhéanamh ar úsáid teicnící spriocdhírithe nó méadaithe a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag páirtithe polaitiúla Eorpacha. Ar deireadh, le hAirteagal 5 tugtar bonn chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear chuig an stór atá á bhainistiú ag an Údarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, agus chun leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá sa bheartas maidir le húsáid na fógraíochta polaitiúla.

An clár a bhunaítear in Airteagal 8, beidh stór ann le haghaidh an nochtaidh a dhéanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha leis an Údarás de bhun Airteagal 5.

Faoi láthair, tá lúb ar lár i Rialachán 1141/2014 maidir le cé acu atá nó nach bhfuil caiteachas incháilithe chun cistiú ón AE a fháil le linn na tréimhse 3 mhí nuair a rinneadh cinntí maidir le díchlárú ach nach bhfuil siad tagtha i bhfeidhm go fóill. Dá bhrí sin, leasófar Airteagal 10 agus Airteagal 19 chun deireadh a chur leis an tréimhse 3 mhí sin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Cuirfear Airteagal 13 isteach lena gcuirtear d'oibleagáid ar an Údarás tuarascálacha tuairisciúla a tharraingt ar na cinntí a rinne na húdaráis rialála náisiúnta le linn na bliana roimhe sin, ar tuarascálacha iad lena gcinntear gur sháraigh páirtí polaitiúil Eorpach Airteagal 5 den Rialachán seo.

Faoi láthair, leagtar amach i Rialachán 1141/2014 ráta cómhaoinithe 10 % agus 5 % do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, faoi seach, ar ráta é nach mór dóibh a bheith ag teacht le huasmhéid na ranníocaíochta ó bhuiséad an AE atá ar fáil dóibh. Ós rud é go bhfuil deacrachtaí ag roinnt páirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe na páirtithe beaga, na páirtithe polaitiúla Eorpacha a bhailiú chun na hacmhainní is gá a bhailiú chun an ráta cómhaoinithe a mheaitseáil, leasófar Airteagal 20(4) chun an ráta do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a laghdú go 5 %, i gcomhréir leis an ráta d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

Leasófar Airteagal 20(4) freisin chun ráta cómhaoinithe 0 % a cheadú i mbliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.

Leasófar Airteagal 21 chun soiléiriú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a thaispeáint go bhfuil ballpháirtí cleamhnaithe le hinfheictheacht páirtithe polaitiúla Eorpacha ar an leibhéal náisiúnta. Leasófar Airteagal 30 chun smachtbhannaí a chur san áireamh i gcás ina dteipfidh ar pháirtí polaitiúil Eorpach fianaise a thabhairt ina iarratas ar chistiú ón Aontas go bhfuil a bhallpháirtithe ar taispeáint ina lógó.

In Airteagal 21 beidh oibleagáid ar pháirtí polaitiúil Eorpach fianaise a chur isteach go gcomhlíonann sé Airteagal 5 den Rialachán seo tráth a dhéantar iarratas ar chistiú bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Ní mór fianaise a bheith ann freisin go gcoimeádann sé beartas

nuashonraithe maidir le húsáid fógraíochta polaitiúla agus go bhfuil an beartas sin curtha chun feidhme aige le linn na 12 mhí roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

Chun lúba ar lár sa chóras trédhearcachta maidir le tabhartais a dhúnadh, tabharfar isteach le hAirteagal 23 sásra díchill chuí i gcás tabhartas os cionn EUR 3 000. Ina theannta sin, leasófar Airteagal 23 freisin chun an chumhacht a thabhairt don Údarás do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis bhreise a iarraidh go díreach ó dheontóirí i gcás ina bhfuil forais aige a chreidiúint gur deonaíodh deonú de shárú ar an Rialachán. Fágfaidh leasú Airteagal 36 go mbeidh níos mó trédhearcachta ag an bpobal trína cheangal ar an Údarás do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus do Pharlaimint na hEorpa faisnéis a fhoilsiú i bhformáid oscailte, meaisín-inléite, agus na tuarascálacha seachtainiúla ar shíntiúis agus ar a gcaiteachas arna bhfáil ag an Údarás ó pháirtithe polaitiúla Eorpacha a fhoilsiú sa tréimhse 6 mhí roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

Le Rialachán 1141/2014 ní cheadaítear go sainráite do pháirtithe ná d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a bhailiú ó chomhaltaí a bhfuil a suíomh lasmuigh den Aontas Eorpach. Dearbhaíodh i mbreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Samhain 2020 i gCás T— 107/19 nár tháinig páirtí lasmuigh den Aontas faoin sainmhíniú ar 'páirtí polaitiúil' faoi Rialachán 2004/2003, toisc nár tugadh 'aitheantas dó i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad' ná nár bunaíodh i gcomhréir leis an dlíchóras sin é. Dá bhrí sin, rialaigh an Chúirt nach bhféadfaí íocaíochtaí ó chomhaltaí atá lonnaithe lasmuigh den AE a mheas mar ranníocaíochtaí, ach amháin mar shíntiúis. Leis an toirmeasc sin, áfach, cuirtear cosc ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha naisc níos láidre a fhorbairt le comhaltaí den Aontas atá ar aon intinn leo. Leasófar Airteagal 2(8) agus Airteagal 23(9) agus (10) dá bhrí sin chun a cheadú do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a bhailiú ó chomhaltaí atá lonnaithe i dtíortha ar cuid de Chomhairle na hEorpa iad. Chun an riosca a bhaineann le trasnaíocht eachtrach a mhaolú agus chun comhréireacht a áirithiú, cuirfear uasteorainn 10 % de na ranníocaíochtaí iomlána le ranníocaíochtaí ó chomhaltaí lasmuigh den Aontas (ar ranníocaíochtaí iad a bhfuil, ina dhiaidh sin, uasteorainn 40 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí nó na fondúireachta ag an bpáirtí nó ag an bhfondúireacht). Leis an uasteorainn sin, mar aon leis an gceanglas ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a áirithiú go n-urramóidh a mballpháirtithe lasmuigh den Aontas luachanna atá coibhéiseach leis na luachanna atá in Airteagal 2 CAE, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na coimircí is gá maidir le cistiú eachtrach.

D'fhonn cur ar chumas páirtithe polaitiúla Eorpacha díospóireachtaí a chothú ar an leibhéal náisiúnta faoi chúrsaí Eorpacha, beidh cead ag na páirtithe sin úsáid a bhaint as na cistí ó bhuiséad an Aontais i bhfeachtais náisiúnta reifrinn ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na gConarthaí, faoi Airteagal 25 leasaithe.

Leasófar Airteagal 30 chun modhnú a dhéanamh ar na smachtbhannaí a fhorchuireann an tÚdarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha. I gcás sáruithe neamh-inchainníochtaithe ar an Rialachán chun an córas smachtbhannaí a dhéanamh níos comhréirí agus níos oiriúnaí don fheidhm.

Leasófar Airteagal 32 chun an comhar idir an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme agus léirmhíniú an Rialacháin a neartú, rud a chuirfidh feabhas ar an deimhneacht dhlíthiúil do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart Airteagal 33 a shoiléiriú agus a thagairt go sainráite don cheart chun éisteacht a fháil do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sula bhforchuirtear smachtbhannaí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é, faoi láthair, nach bhforáiltear sa

Rialachán d'achomharc riaracháin ar chinntí an Údaráis. Ina theannta sin, déanfar measúnú sa chéad tuarascáil mheastóireachta tar éis ghlacadh an Rialacháin athmhúnlaithe ar an ngá a bheidh ann achomharc ar leibhéal idirmheánach a thabhairt isteach in aghaidh chinntí an Údaráis.

Leasaítear Airteagal 40 chun cumhachtaí tarmligin a áireamh i ndáil le hAirteagal 5(2) agus (3). Ar deireadh, leasaítear Airteagal 44 maidir le forálacha idirthréimhseacha freisin chun forálacha idirthréimhseacha a bhunú maidir le hAirteagal 5(3) agus Airteagal 21, pointe (4) agus pointe (5).

⬇ 1141/2014
2021/0375 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[21],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[22],

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[23],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[25]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

---

⬇ 1141/2014 aithris 1

(2) In Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 12(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) dearbhaítear go

---

21 IO C […], […], lch. […].

22 IO C […], […], lch. […].

23 IO C […], […], lch. […].

24 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11. 2014/1, p. 1).

25 Féach Iarscríbhinn III.

rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a cur in iúl.

---

↓ 1141/2014 aithris 2

(3) Deir Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Chairt gur cearta bunúsacha atá ag gach saoránach den Aontas iad an ceart chun saoirse comhlachais ar gach leibhéal, mar shampla in ábhair pholaitiúla agus shibhialta, agus an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.

---

↓ 1141/2014 aithris 3

(4) Ba cheart saoránaigh Eorpacha a chumasú le húsáid a bhaint as na cearta sin chun páirt iomlán a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais.

---

↓ 1141/2014 aithris 4

(5) Tá ról lárnach le himirt ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, atá trasnáisiúnta go fírinneach, maidir le guthanna na saoránach a chur in iúl ar an leibhéal Eorpach tríd an mbearna idir an pholaitíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a líonadh.

---

↓ 1141/2014 aithris 5

(6) Ba cheart páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a spreagadh ina ndícheall chun nasc láidir a sholáthar idir an tsochaí shibhialta Eorpach agus institiúidí an Aontais, go háirithe Parlaimint na hEorpa, agus ba cheart cuidiú leo sa dícheall sin.

---

↓ 1141/2014 aithris 6 (oiriúnaithe)

~~Leis an taithí a fuair na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe i gcur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5], agus leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2011 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 [6], léirítear an gá atá ann le feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus airgeadais le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun iad a chumasú le bheith ina ngníomhaithe níos infheicthe agus níos éifeachtaí i gcóras polaitiúil il-leibhéil an Aontais.~~

---

↓1141/2014 aithris 7 (oiriúnaithe)

(7) Mar aitheantas ar an misean a shanntar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha in CAE agus chun a n-obair a éascú, ba cheart stádas dlíthiúil Eorpach sonrach a ~~bhunú~~ ⌦ leagan síos ⌫ le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe.

🡻1141/2014 aithris 8 (oiriúnaithe)

(8) ~~Déantar~~ ⌦An t⌫Údarás um Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (~~an 't~~Údarás') ~~a bhunú leis seo ar mhaithe le clárú~~ ⌦, is éard atá ann comhlacht de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) arb é is feidhm dó⌫ rialú agus forchur smachtbhannaí i ndáil le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart go mbeadh sé riachtanach clárú a dhéanamh chun go bhfaighfí stádas dlíthiúil Eorpach lena ngabhann sraith de chearta agus oibleagáidí. Chun aon choinbhleachta leasanna féideartha a sheachaint, ba cheart go mbeadh an tÚdarás neamhspleách.

🡻 1141/2014 aithris 9

(9) Ba cheart go leagfaí síos na nósanna imeachta atá le leanúint ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun stádas dlíthiúil Eorpach a fháil de bhun an Rialacháin seo, mar aon leis na nósanna imeachta agus na critéir atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh faoi cibé acu a bhronnfar nó nach mbronnfar an stádas dlíthiúil Eorpach sin. Is gá freisin na nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh cásanna ina ndéanfadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas dlíthiúil Eorpach a fhorghéilleadh, a chailleadh nó a thabhairt suas.

🡻1141/2014 aithris 10 (oiriúnaithe)

(10) Chun formhaoirsiú ar na heintitis dhlíthiúla a bheidh faoi réir dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta araon a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290~~ den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (~~CFAE~~)~~ a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le feidhmiú cláir de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá le bainistiú ag an Údarás ("an Clár"), go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis agus leis na doiciméid tacaíochta a choinnítear sa Chlár. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe⌦, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[26] ⌫ ~~Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas,~~ ⌦ Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann ⌫ ~~a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig~~ Parlaimint na hEorpa agus ~~chuig an gComhairle~~ ⌦ an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe⌫.

26 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⬇ 1141/2014 aithris 11

(11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le forálacha i ndáil le huimhirchóras clárúcháin agus maidir le sleachta caighdeánacha ón gClár a bheidh le cur ar fáil ag an Údarás do thríú páirtithe nuair a iarrann siad an méid sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

⬇1141/2014 aithris 12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(12) Maidir leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe ar mhian leo aitheantas a fháil mar pháirtí nó fondúireacht den sórt sin ar leibhéal an Aontais trí bhíthin stádas dlíthiúil Eorpach bheith acu agus ar mhian leo cistiú poiblí a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, ba cheart dóibh prionsabail áirithe a urramú agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Go háirithe, ní mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, ~~agus~~ a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe ⇨ agus a gcuid comhaltaí san Aontas ⇦ na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe a urramú, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE. ⇨ a cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a áirithiú freisin go n-urramóidh a mballpháirtithe agus a mballeagraíochtaí na luachanna sin.⇦

⇩ nua

(13) Chun críche a chinntí clárú, d’fhonn a fháil amach an gcomhlíonann páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a oibleagáidí maidir leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a urramú, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, agus go n-áirithíonn sé go n-urramaíonn a chomhaltaí na luachanna sin, ba cheart don Údarás a bheith ag brath ar dhearbhú i scríbhinn a bheidh le heisiúint ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach trí theimpléad atá i gceangal leis an Rialachán seo a úsáid. Maidir le cumhacht an Údaráis, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún, comhlíonadh na luachanna sin a fhíorú, níor cheart, áfach, go mbainfeadh sé le sáruithe féideartha ar na luachanna sin ag ballpháirtithe nó ag balleagraíochtaí.

⬇ 1141/2014 aithris 13

(14) Maidir le cinntí chun páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú ar an bhforas nach bhfuil siad ag comhlíonadh na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, níor cheart iad a dhéanamh ach amháin sa chás go ndéantar sárú follasach agus tromchúiseach ar na

[27] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

luachanna sin. Agus cinneadh chun díchláraithe á ghlacadh, ba cheart don Údarás lán-urraim a thabhairt don Chairt.

---

⇩ nua

(15) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus chun an Rialachán seo a ailíniú le hAirteagal 297 CFAE, ba cheart go dtiocfadh na cinntí maidir le díchlárú i bhfeidhm nuair a chuirfear an fógra in iúl.

---

🡻 1141/2014 aithris 14

(16) Ba cheart sraith d'fhorálacha bunúsacha a bheith i reacht páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó i reacht fondúireachta polaitiúla Eorpaí. Ba cheart go gceadófaí do Bhallstáit ceanglais bhreise a fhorchur i leith reachtanna na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bhfuil a suíomh bunaithe acu ina gcríocha faoi seach, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

---

🡻1141/2014 aithris 15 (oiriúnaithe)

(17) Ba cheart don Údarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais a bhaineann le clárú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á gcomhlíonadh i gcónaí. Níor cheart cinntí a dhéanamh a bhaineann le hurramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, ach i gcomhréir leis an nós imeachta atá ceaptha go sonrach chun na críche sin, agus tar éis dul i gcomhairle le⌦is an ⌫ gcoiste de dhaoine neamhspleácha oirirce ⌦ arna bhunú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014⌫.

---

🡻 1141/2014 aithris 16 (oiriúnaithe)

~~Is comhlacht den Aontas de réir bhrí Airteagal 263 CFAE atá san Údarás.~~

---

🡻 1141/2014 aithris 17

(18) Ba cheart neamhspleáchas agus trédhearcacht an choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce a ráthú.

---

🡻 2019/493 aithris 3 (oiriúnaithe)

(19) ~~Is léir ar theagmhais a thit amach le déanaí cé na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do phróisis toghcháin agus don daonlathas, a rioscaí iad is féidir eascairt ó~~ ~~ú~~Úsáid neamhdhleathach sonraí pearsanta⌦, is rud é ar féidir daonlathais agus próisis thoghchánacha a bheith i mbaol dá bharr⌫. Is gá, dá bhrí sin, sláine an phróisis dhaonlathaigh Eorpaigh a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí airgeadais i gcásanna ina mbaineann páirtithe polaitiúla Eorpacha nó fondúireachtaí

polaitiúla Eorpacha leas as sáruithe ar rialacha cosanta sonraí pearsanta d'fhonn tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

---

↓ 2019/493 aithris 4 (oiriúnaithe)

(20) Chuige sin, ba cheart nós imeachta fíorúcháin a ~~bhunú~~ ⌦ leagan síos ⌫ ina leagfar síos nach mór don Údarás, i gcásanna áirithe, a iarraidh ar choiste daoine neamhspleácha oirirce ~~a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014~~ a mheas ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Más rud é~~,~~ ~~i gcomhréir leis an nós imeachta fíorúcháin,~~ go gcinnfear gurb amhlaidh atá, ba cheart don Údarás smachtbhannaí ⌦ éifeachtacha, comhréireacha athchomhairleacha ⌫ a fhorchur ~~faoin gcóras smachtbhannaí éifeachtacha comhréireacha athchomhairleacha a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014~~.

---

↓ 2019/493 aithris 5

(21) I gcás ina bhforchuirfidh an tÚdarás smachtbhanna ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta fíorúcháin, ba cheart dó aird chuí a thabhairt ar an bprionsabal ne bis in idem ar dá réir nach féidir smachtbhannaí a fhorchur faoi dhó maidir leis an gcion céanna. Ba cheart don Údarás a áirithiú freisin go n-urramaítear prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus go bhfuil an deis tugtha don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann éisteacht a fháil.

---

↓ 2019/493 aithris 7 (oiriúnaithe)

(22) Ós rud é gur le cinneadh ó údarás inniúil maoirsithe cosanta sonraí ~~a chuirfear an nós imeachta ar siúl~~ ⌦ ba cheart an nós imeachta a chur ar siúl ⌫, ba cheart an deis a bheith ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an smachtbhanna má aisghairtear an cinneadh ón údarás maoirsithe náisiúnta, nó má deonaíodh leigheas in éadan an chinnidh sin, ar choinníoll go mbeidh na leigheasanna dlíthiúla uile ídithe.

---

↓ 1141/2014 aithris 18

(23) Maidir leis an stádas dlíthiúil Eorpach a dheonaítear do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus dá bhfondúireachtaí cleamhnaithe, ba cheart go dtabharfadh sé sin cumas agus aitheantas dlíthiúil dóibh sna Ballstáit uile. Ní fhágann cumas dlíthiúil agus aitheantas dlíthiúil den sórt sin go bhfuil siad i dteideal iarrthóirí a ainmniú i dtoghcháin náisiúnta nó i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ~~nó a bheith rannpháirteach i bhfeachtais reifrinn~~. Is faoi inniúlacht na mBallstát a fhanann an teideal sin nó aon teideal comhchosúil.

↓ 1141/2014 aithris 19

(24) Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú leis an Rialachán seo agus, le haghaidh nithe nach rialaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeidís á rialú le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta sna Ballstáit. Ba cheart stádas dlíthiúil páirtí pholaitiúil Eorpaigh agus fondúireachta polaitiúla Eorpaí a rialú leis an Rialachán seo agus le forálacha infheidhme dhlí náisiúnta an Bhallstát ina bhfuil a suíomh ("Ballstát an tsuímh"). Ba cheart go bhféadfadh Ballstát an tsuímh an dlí infheidhme a shainiú ar bhonn ex-ante nó roghnachas a fhágáil faoi na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart freisin go bhféadfadh Ballstát an tsuímh ceanglais eile nó ceanglais bhreise a fhorchur thar na ceanglais sin a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear forálacha maidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú mar pháirtí nó fondúireacht den sórt sin agus maidir lena gcomhtháthú isteach le córais riaracháin agus rialaithe náisiúnta agus maidir le heagar agus reachtanna na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí sin, lena n-áirítear i ndáil le dliteanas, ar choinníoll nach bhfuil na forálacha sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

↓ 1141/2014 aithris 20

(25) Mar ghné lárnach de stádas dlíthiúil Eorpach a bheith acu, ba cheart go mbeadh pearsantacht dhlítheanach Eorpach ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart go mbeadh fáil na pearsantachta dlítheanaí Eorpaí faoi réir ceanglas agus nósanna imeachta chun cosaint a thabhairt do leasanna Bhallstáit an tsuímh, do leasanna an iarratasóra ar stádas dlíthiúil Eorpach ("an t-iarratasóir") agus do leasanna tríú páirtithe lena mbaineann. Go háirithe, ba cheart aon phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a bhí ann roimhe sin a thiontú isteach ina pearsantacht dhlítheanach Eorpach agus ba cheart aon chearta agus oibleagáidí aonair a bhí á thabhú ag an iar-eintiteas dlítheanach náisiúnta a aistriú chuig an eintiteas dlítheanach Eorpach nua. Thairis sin, chun leanúnachas gníomhaíochta a éascú, ba cheart coimircí a chur ann chun an Ballstát lena mbaineann a chosc ó choinníollacha coisctheacha a chur i bhfeidhm ar thiontú den sórt sin. Ba cheart go bhféadfadh Ballstát an tsuímh a shonrú cad iad na cineálacha daoine dlítheanacha náisiúnta a fhéadfaidh tiontú chuig daoine dlítheanacha Eorpacha agus a chomhaontú maidir le fáil na pearsantachta dlítheanaí Eorpaí a choinneáil siar go dtí go dtugtar ráthaíochtaí leormhaithe, go háirithe, i dtaca le dlíthiúlacht reachtanna an iarratasóra faoi dhlíthe an Bhallstáit sin nó le cosaint creidiúnaithe nó sealbhóirí cearta eile i ndáil le haon phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a bhí ann roimhe sin.

↓ 1141/2014 aithris 21

(26) Ba cheart go mbeadh foirceannadh na pearsantachta dlítheanaí Eorpaí faoi réir ceanglas agus nósanna imeachta chun cosaint a thabhairt do leasanna an Aontais Eorpaigh, Bhallstáit an tsuímh, an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí agus aon tríú páirtithe lena mbaineann. Go háirithe, más rud é go bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh, ba cheart a mheas gurb ionann an méid sin agus tiontú na pearsantachta dlítheanaí Eorpaí agus ba cheart aon chearta agus oibleagáidí aonair a bhí tabhaithe nó faighte faoi seach ag an

iar-eintiteas dlítheanach Eorpach a aistriú chuig an eintiteas dlíthiúil náisiúnta. Thairis sin, chun leanúnachas gníomhaíochta a éascú, ba cheart coimircí a chur ann chun an Ballstát lena mbaineann a chosc ó choinníollacha coiscstheacha a chur i bhfeidhm ar thiontú den sórt sin. Más rud é nach bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach sa Bhallstát ina bhfuil a shuíomh, ba cheart é nó í a fhoirceannadh i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin agus i gcomhréir leis an gcoinníoll a chuireann de cheanglas air nó uirthi gan dul sa tóir ar spriocanna brabúis. Ba cheart go bhféadfadh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialacha mionsonraithe a chomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann maidir leis an bpearsantacht dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh, go háirithe chun cistí a fuarthas as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus aon smachtbhannaí airgeadais eile a ghnóthú.

---

| ↓ 1141/2014 aithris 22 |
|---|

(27) Más rud é go mainníonn páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, ar bhonn tromchúiseach, an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh agus má bhaineann an cheist le gnéithe a dhéanann difear d'urraim a thabhairt do na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, ba cheart don Údarás a chinneadh, arna iarraidh sin ag an mBallstát lena mbaineann, na nósanna imeachta a leagtar síos leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Thairis sin, ba cheart don Údarás a chinneadh, arna iarraidh sin ag Ballstát an tsuímh, go mbainfí den Chlár páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a mhainnigh, ar mhodh tromchúiseach, an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh maidir le haon cheist eile.

---

| ↓1141/2014 aithris 23 (oiriúnaithe) |
|---|

(28) Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a fuair an t-aitheantas sin agus a bhfuil stádas dlíthiúil Eorpach faighte acu. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú nach bhfuil na coinníollacha chun stádas páirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhaint amach iomarcach ach gur féidir le comhaontais thrasnáisiúnta de pháirtithe polaitiúla nó de dhaoine nádúrtha nó díobh araon atá eagraithe agus dáiríre iad a chomhlíonadh gan stró, is gá freisin critéir chomhréireacha a ~~bhunú~~ ⌦ leagan síos ⌫ chun acmhainní teoranta ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leithdháileadh, ar chritéir iad lena léirítear go hoibiachtúil an uaillmhian Eorpach agus an fhíorthacaíocht thoghchánach atá ann do pháirtí polaitiúil Eorpach. Is fearr critéir den sórt sin a bheith bunaithe ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa, a gceanglaítear ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar a gcomhaltaí a bheith rannpháirteach iontu faoin Rialachán seo, lena dtugtar léiriú beacht ar aitheantas toghchánach páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Ba cheart go léireodh sé sin an ról Pharlaimint na hEorpa mar ionadaí díreach do shaoránaigh an Aontais, arna sannadh di le hAirteagal 10(2) CAE, chomh maith leis an gcuspóir maidir le rannpháirteachas iomlán na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha i saol daonlathach an Aontais agus lena bheith ina ngníomhaithe gníomhacha i ndaonlathas ionadaíoch na hEorpa, chun dearcadh, tuairimí agus toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl go héifeachtach. Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú, dá bhrí sin, do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bhfuil duine amháin ar a laghad dá gcomhaltaí ina ionadaí dóibh i bParlaimint na

hEorpa agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chuireann iarratas isteach trí pháirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil duine amháin ar a laghad dá chomhaltaí ina ionadaí dóibh i bParlaimint na hEorpa.

---

🡻 2018/673 aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(29) r chúiseanna trédhearcachta, agus chun grinnscrúdú agus cuntasacht dhaonlathach na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha ~~agus an nasc idir an tsochaí shibhialta Eorpach agus institiúidí an Aontais, agus go háirithe Parlaimint na hEorpa~~, a neartú, ba cheart an rochtain ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thabhairt a bheith coinníollach ar ~~na ballpháirtithe de chuid AE clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann a fhoilsiú~~, ⇨ ar fhaisnéis áirithe a bheith curtha ar fáil. Go háirithe, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a áirithiú go bhfoilseoidh a mballpháirtithe gona suíomh san Aontas⇦ clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann, ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir.

(30) ⇨ Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a mballpháirtithe dea-shampla a thabhairt chun an bhearna idir na hinscní sa réimse polaitiúil a dhúnadh. Más mian leo tairbhe a bhaint as maoiniú AE, ba cheart rialacha inmheánacha a bheith ag páirtithe polaitiúla Eorpacha chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn agus ba cheart dóibh a bheith trédhearcach faoi chothromaíocht inscne a mballpháirtithe. ⇦ ~~Cuimsiú faisnéise~~ ⇨ Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis a chur ar fáil maidir lena mbeartas inmheánach ⇦ faoin gcothromaíocht inscne ⇨ agus faoi ionadaíocht inscne a mballpháirtithe maidir le iarrthóirí ar Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa ⇦ ~~maidir le gach ballpháirtí den pháirtí polaitiúil Eorpach a spreagadh.~~. ⇨Spreagtar na páirtithe polaitiúla Eorpacha freisin chun faisnéis a chur ar fáil i ndáil le cuimsitheacht agus ionadaíocht na mionlach ag a mballpháirtithe.⇦

---

🡻 1141/2014 aithris 24

(31) D'fhonn trédhearcacht chistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha a mhéadú, agus chun mí-úsáid fhéideartha na rialacha maidir le cistiú a sheachaint, ba cheart comhalta de Pharlaimint na hEorpa, chun críocha cistiúcháin amháin, a mheas a bheith ina chomhalta de pháirtí polaitiúil Eorpach amháin ar a mhéid, agus ba cheart i gcás inarb ábhartha, gur páirtí é a bhfuil a pháirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe leis ar an dáta deiridh le haghaidh chur isteach na n-iarratas ar mhaoiniú.

---

🡻 1141/2014 aithris 25
⇨ nua

(32) Ba cheart na nósanna imeachta atá le leanúint ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe agus iad ag cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leagan síos, chomh maith leis na nósanna imeachta, critéir agus rialacha atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh maidir le cistiú den sórt sin a dheonú. ⇨Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh go háirithe.⇦

⇩ nua

(33) Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe páirtithe beaga, maidir leis an ráta cómhaoinithe 10 % a cheanglaítear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bhaint amach, ba cheart an ráta cómhaoinithe do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a laghdú go 5 %, i gcomhréir leis an ráta d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

(34) Ba cheart an rátacómhaoinithe a ísliú go 0 % i mbliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa. Trí dheireadh a chur leis an oibleagáid chómhaoinithe i mbliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart go gcabhrófaí le páirtithe polaitiúla Eorpacha líon agus déine a ngníomhaíochtaí feachtais a mhéadú agus, dá bhrí sin, a n-infheictheacht ar an leibhéal náisiúnta a mhéadú freisin.

---

🡻 1141/2014 aithris 26

(35) Ar mhaithe le neamhspleáchas, le cuntasacht agus le freagracht páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheabhsú, ba cheart cineálacha áirithe deonacháin agus ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile seachas buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thoirmeasc nó bheith faoi réir teorainneacha. Aon srian ar shaorghluaiseacht chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na teorainneacha sin, tá bonn cirt leo ar fhorais an bheartais phoiblí agus tá dianghá leo chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

---

⇩ nua

(36) Ba cheart sásra díchill chuí a thabhairt isteach chun trédhearcacht tabhartas mór a fheabhsú agus chun an riosca go gcuirfí isteach ón bhfoinse sin ar an gcoigríoch a íoslaghdú. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis mhionsonraithe aitheantais a iarraidh ar a ndeontóirí. Ba cheart go gcumhachtófaí don Údarás faisnéis bhreise a iarraidh ar dheontóirí i gcás ina bhfuil forais aige a chreidiúint gur deonaíodh deonú de shárú ar an Rialachán seo.

(37) D'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar le comhaltaí seanbhunaithe a bhfuil luachanna AE acu, ba cheart ranníocaíochtaí ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas ach i gComhairle na hEorpa a cheadú. Mar sin féin, ba cheart ranníocaíochtaí den sórt sin a bheith faoi réir uasteorainn i ndáil le ranníocaíocht iomlán, chun an riosca cur isteach ón gcoigríoch a theorannú.

(38) Ní aithnítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ach dhá chatagóir ioncaim le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha seachas ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, eadhon ranníocaíochtaí ó chomhaltaí agus deonacháin. Tá roinnt foinsí ioncaim a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse (amhail foilseacháin nó táillí comhdhála a dhíol) lasmuigh de raon feidhme an dá chatagóir sin, rud a chruthaíonn fadhbanna cuntasaíochta agus trédhearcachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an tríú catagóir ioncaim ('acmhainní dílse') a chruthú. Ba cheart uasteorainn 5 % a chur ar chion na n-acmhainní dílse i mbuiséad iomlán páirtí nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ionas nach ndéanfar sárú air i ndáil le buiséad foriomlán na n-eintiteas sin.

🡻 1141/2014 aithris 27
⇨ nua

(39) ⇨ Ar mhaithe le dul i dteagmháil lena mbaill agus lena dtoghcheantair ar fud an Aontais, ⇦ ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ~~a bheith in ann~~ ⇨ an ceart a bheith acu a gcuid maoinithe a úsáid le haghaidh feachtas polaitiúil trasteorann⇦. ~~feachtais arna seoladh i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa~~ Bba cheart cistiú agus teorannú speansas toghcháin do pháirtithe agus d'iarrthóirí ~~ag na toghcháin sin~~ ⇨ sna feachtais sin ⇦a bheith á rialú leis na rialacha is infheidhme i ngach Ballstát.

---

🡻 1141/2014 aithris 32
⇨ nua

(40) Ar mhaithe le cuidiú le feasacht pholaitiúil Eorpach a mhúscailt i measc na saoránach agus le trédhearcacht ~~an phróisis thoghchánaigh Eorpaigh~~ ⇨ na cleamhnachta polaitiúla ⇦a chur chun cinn, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha na naisc idir iad féin agus a bpáirtithe polaitiúla náisiúnta cleamhnaithe mar aon lena a n-iarrthóirí a chur in iúl do shaoránaigh ~~le linn na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa~~.

---

🡻 1141/2014 aithris 28
⇨ nua

(41) Maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha, níor cheart dóibh páirtithe polaitiúla eile, agus go háirithe páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta, a chistiú go díreach ná go hindíreach. Maidir le fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, níor cheart dóibh páirtithe polaitiúla Eorpacha nó náisiúnta ná iarrthóirí Eorpacha nó náisiúnta a mhaoiniú, go díreach ná go hindíreach. ⇨ Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc ar mhaoiniú indíreach cosc, áfach, ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha tacaíocht phoiblí a thabhairt dá mballpháirtithe san Aontas agus dul i dteagmháil leo maidir le saincheisteanna atá ábhartha don Aontas, nó tacú le gníomhaíochtaí polaitiúla ar mhaithe leis an leas coiteann, chun a bheith in ann a misean faoi Airteagal 10(4) CAE a chomhlíonadh. ⇦ Thairis sin, níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ná a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ⇨gníomhaíochtaí a mhaoiniú i gcomhthéacs ⇦ feachtas reifrinn ⇨ náisiúnta ach nuair a bhaineann siad le cur chun feidhme CAE agus CFAE ⇦. Léiríonn na prionsabail sin a bhfuil i nDearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh atá curtha i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice.

---

🡻 1141/2014 aithris 29

(42) Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta sonracha a leagan síos maidir le leithdháileadh na leithreasaí atá ar fáil gach bliain ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, ag cur san áireamh, ar lámh amháin, líon na dtairbhithe agus, ar an lámh eile, cion na gcomhaltaí tofa i bParlaimint na hEorpa de gach páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus, ag teacht as sin, a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe faoi seach. Ba cheart go bhforálfaí leis na rialacha sin do rialú dian trédhearcachta, cuntasaíochta, iniúchta agus airgeadais ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, chomh maith le smachtbhannaí

comhréireacha a fhorchur, lena n-áirítear sa chás ina ndéanann páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach sárú ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE.

---

🡻 1141/2014 aithris 30 (oiriúnaithe)

(43) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo a mhéid a bhaineann le cistiú agus caiteachas páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus a mhéid a bhaineann le nithe eile, is gá ~~sásraí rialaithe éifeachtacha a bhunú~~ ⌦foráil a dhéanamh maidir le sásraí rialaithe éifeachtacha.⌫ Chuige sin, ba cheart don Údarás, d'Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit comhoibriú lena chéile agus an fhaisnéis uile is gá a mhalartú lena chéile. Ba cheart comhar frithpháirteach i measc údaráis na mBallstát a spreagadh freisin chun rialú éifeachtach agus éifeachtúil na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dlí náisiúnta is infheidhme a áirithiú.

---

⇩ nua

(44) D'fhonn an deimhneacht dhlíthiúil dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a mhéadú agus chun a chur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú, ba cheart don Údarás agus don Oifigeach Údarúcháin de Pharlaimint na hEorpa comhoibriú go dlúth lena chéile, lena n-áirítear trí thuairimí agus faisnéis a mhalartú go rialta maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm nithiúil an Rialacháin seo. Ina theannta sin, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas an Údaráis, ba cheart go ndéanfadh comhar idir an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cur chun feidhme ceart an Rialacháin ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a éascú agus díospóidí dlíthiúla a chosc.

---

🡻 1141/2014 aithris 31
⇨ nua

(45) Is gá foráil a dhéanamh do chóras smachtbhannaí atá soiléir, ~~láidir agus~~ athchomhairleach ⇨ agus comhréireach ⇦ chun a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí maidir le gníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chomhlíonadh ar mhodh éifeachtach, comhréireach agus aonfhoirmeach. Ba cheart don chóras sin prionsabal ne bis in idem a urramú, ar prionsabal é lena leagtar síos nach féidir smachtbhannaí a fhorchur faoi dhó maidir leis an gcion céanna. Is gá freisin a shainiú cad iad na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le rialú agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus freisin cad iad na sásraí comhair a bheidh ann idir iad agus údaráis na mBallstát.

---

⇩ nua

(46) Tá ról tábhachtach ag an bhfógraíocht pholaitiúil do pháirtithe polaitiúla chun cumarsáid a dhéanamh leis na saoránaigh agus chun idirghníomhú leo maidir le saincheisteanna polaitiúla. Is iomaí foirm atá ann agus is féidir é a scaipeadh ar na meáin chumarsáide go leor, ón teilifís agus ón raidió, go dtí na meáin chlóite agus

shóisialta ar líne. Is cuid thábhachtach den phróiseas toghcháin é agus is cuid thábhachtach é de na suimeanna a chaitheann na páirtithe polaitiúla agus na hiarrthóirí. Cé go ngabhann tairbhí tábhachtacha leis, tá baol ann freisin do phróisis toghcháin agus don daonlathas. D'fhéadfadh na rioscaí sin eascairt as cleachtais theimhneacha agus as úsáid na fógraíochta polaitiúla mar veicteoir le haghaidh bréagaisnéise, lena n-áirítear nuair nach nochtar a nádúr polaitiúil san fhógraíocht, agus i gcás ina ndéantar í a chistiú agus a dhíriú faoi cheilt.

(47) Dá bhrí sin, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ardleibhéal trédhearcachta a chur ar fáil ina bhfógraíocht pholaitiúil chun tacú le díospóireacht pholaitiúil chothrom agus saorthoghcháin, lena n-áirítear chun an bhréagaisnéis a chomhrac. Ba cheart dó tacú le tuiscint na saoránach ar chineál, ar fhoinse agus ar chomhthéacs na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear a maoiniú agus na méideanna a caitheadh, agus maidir le cé acu ar díríodh nó nár díríodh orthu agus conas a dhírítear í orthu. Ba cheart dó cuntasacht a chur chun cinn freisin agus rannchuidiú le minicíocht mhí-úsáid na fógraíochta polaitiúla a laghdú, lena n-áirítear mífhaisnéis agus cineálacha eile cur isteach ar an díospóireacht dhaonlathach. Ba cheart go dtacódh na ceanglais trédhearcachta leis an ngné Eorpach de na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa lena n-áirítear an ghné thrasteorann.

(48) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar forfheidhmiú leordhóthanach ar na hoibleagáidí trédhearcachta is infheidhme maidir le fógraíocht pholaitiúil a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit na cumhachtaí is gá a thabhairt d'údaráis inniúla chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí trédhearcachta sin. Chun cur isteach míchuí a sheachaint, ba cheart do na húdaráis nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta sin a gcumhachtaí a fheidhmiú go neamhchlaonta agus go trédhearcach agus ba cheart dóibh a bheith leithleach go dlíthiúil ón rialtas agus neamhspleách ó thaobh feidhme ar a rialtais faoi seach agus ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile. Ba cheart go mbeadh saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile in ann a fhios a bheith acu cé na húdaráis rialála atá inniúil i ngach Ballstát, ar údaráis iad ar cheart a bhaint amach trí oibleagáid a chur ar an Údarás foilsiú ar a shuíomh gréasáin agus liosta d'údaráis rialála náisiúnta na mBallstát a choimeád cothrom le dáta. Ba cheart cinntí ó údaráis rialála náisiúnta a bheith faoi réir leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha, i lánchomhlíonadh Airteagal 47 den Chairt. Ba cheart a áirithiú leis sin gur féidir sásamh iomchuí a lorg agus a fháil in am trátha, arna iarraidh sin d'aon pháirtí leasmhar, a cheangal ar an bPáirtí Polaitiúil Eorpach deireadh a chur le haon sárú ar na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos sa Rialachán seo.

(49) Is minic a bhíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha ag brath ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha, lena n-áirítear foilsitheoirí fógraíochta, chun a bhfógraí polaitiúla a ullmhú, a shocrú, a fhoilsiú agus a scaipeadh. Tá na soláthraithe seirbhíse sin faoi cheangal ag Rialachán 2022/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla. I gcás ina bhfuil caidreamh conarthach á dhéanamh ag páirtithe polaitiúla Eorpacha maidir le soláthar seirbhísí a bhaineann le fógráin pholaitiúla, ba cheart do pháirtithe polaitiúla a áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear foilsitheoirí fógraíochta, a gcuid oibleagáidí faoi Rialachán 2022/XX [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla]. Ba cheart dóibh a áirithiú go sonrófar sna

[28] Rialachán 2022/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla (OJ L…).

socruithe conarthacha an chaoi a gcuirtear forálacha ábhartha an Rialacháin seo san áireamh. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh lógó polaitiúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bheith san fhógraíocht pholaitiúil.

(50) Is gá stór coiteann a bhunú le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha. I bhfianaise an róil shonraigh atá aige i gcur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás stór lárnach den sórt sin a bhunú agus a bhainistiú mar chuid den Chlárlann do pháirtithe polaitiúla Eorpacha. Ba cheart do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis atá sa stór lárnach a tharchur chuig an Údarás i bhformáid chaighdeánach agus féadfar í a uathoibriú. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis a chur ar fáil i stór lárnach an Údaráis ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil a chumasú agus chun a n-aidhmeanna a thuiscint. An fhaisnéis maidir leis an méid a leithdháiltear ar fhógraíocht pholaitiúil i gcomhthéacs feachtais ar leith atá le cur sa stór lárnach, féadfar í a bhunú ar leithdháileadh measta maoinithe. Áirítear ar na méideanna atá le lua sa stór tabhartais chun críocha sonracha nó sochair chomhchineáil.

(51) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a mbeartas maidir leis an úsáid a bhaineann siad as fógraíocht pholaitiúil a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Ba cheart go mbeadh an beartas sin agus tuarascáil bhliantúil maidir lena chur chun feidhme ar fáil ar shuíomh gréasáin an Pháirtí Pholaitiúil Eorpaigh.

(52) Le Rialachán (AE) 2022/XX [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla] bunaítear oibleagáidí ar rialaitheoirí sonraí a úsáideann teicnící dírithe nó méadaithe i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla. Agus teicnící spriocdhírithe nó méadaithe á n-úsáid acu le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha comhlíonadh Airteagal 12 den Rialachán sin a áirithiú. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta de réir bhrí phointe (21) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] a bheith inniúil chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo.

(53) Ba cheart faisnéis maidir le comhlíonadh na gceanglas trédhearcachta a bhunaítear leis an Rialachán seo ag páirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith ar fáil ar leibhéal an Aontais. Chun é sin a éascú, ba cheart don Údarás tuarascáil fhíorasach agus thuairisciúil a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le haon chinntí de chuid na n-údarás rialála náisiúnta nó na n-údarás maoirseachta náisiúnta de bhun an Rialacháin seo.

(54) I bhfianaise an ghá atá le sláine an phróisis dhaonlathaigh Eorpaigh a chosaint, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a chruthú go bhfuil na rialacha trédhearcachta is infheidhme maidir le fógraíocht pholaitiúil á gcomhlíonadh acu ionas go mbeidís incháilithe do chistí a thagann ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

---

🡻 1141/2014 aithris 33
(oiriúnaithe)
⇨ nua

(55) Ar chúiseanna trédhearcachta, agus chun grinnscrúdú agus cuntasacht dhaonlathach na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a neartú,

[29] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

ba cheart go bhfoilseofaí ⇨ i bhformáid sholáimhsithe, oscailte atá inléite ag meaisín ⇦ faisnéis a meastar leas substaintiúil phoiblí a bheith ag gabháil léi, a bhaineann go háirithe lena reachtanna, lena gcomhaltas, lena ráitis airgeadais, lena ndeontóirí agus deonacháin, lena ranníocaíochtaí agus leis na deontais a fhaigheann siad ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, chomh maith le faisnéis a bhaineann le cinntí a dhéanann an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le clárú, le cistiú agus le smachtbhannaí. Creat rialála a ~~bhunú~~ ⌦ leagan síos ⌫ lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil ag an bpobal, is é sin an bealach is éifeachtaí chun machaire comhréidh agus iomaíocht chothrom a áirithiú idir fórsaí polaitiúla, agus chun próisis thoghchánacha agus reachtacha atá oscailte, trédhearcach agus daonlathach a choinneáil ar siúl, agus ar an tslí sin muinín na saoránach agus na vótálaithe sa daonlathas ionadaíoch Eorpach a neartú agus, ar bhonn níos leithne, calaois agus mí-úsáidí cumhachta a chosc.

---

| ➜ 1141/2014 aithris 34 |
|---|

(56) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid i dtaca le céannacht deontóirí atá ina ndaoine nádúrtha a fhoilsiú maidir le deonacháin atá comhionann le EUR 1500, nó níos lú ná sin, in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra. Thairis sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáid den sórt sin maidir le deonacháin ar mó a luach ná EUR 1500 in aghaidh na bliana nó atá cothrom nó níos lú ná EUR 3000 mura rud é go dtoilíonn an deontóir roimh ré i scríbhinn lena bhfoilsiú. Déantar leis na tairsí seo iarmhéid an chuntais a dhearbhú idir, ar thaobh amháin, an ceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint agus, ar an taobh eile, an leas poiblí dlisteanach maidir le trédhearcacht i ndáil le maoiniú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá sna tairseacha sin, mar a léirítear i moltaí idirnáisiúnta chun éilliú i dtaca le maoiniú páirtithe nó fondúireachtaí polaitiúla a sheachaint. Trí dheonacháin atá os cionn EUR 3000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra a nochtadh, ba cheart go bhfágfadh sé sin gur féidir grinnscrúdú agus rialú poiblí éifeachtach a dhéanamh ar an gcaidreamh idir deontóirí agus páirtithe polaitiúla Eorpacha. Chomh maith leis sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart faisnéis faoi dheonacháin a fhoilsiú go bliantúil, ach amháin le linn feachtas toghcháin do Pharlaimint na hEorpa nó i gcás deonachán is mó ná EUR 12000 agus sna cásanna sonracha sin ba cheart iad a fhoilsiú go gasta.

---

| ➜ 1141/2014 aithris 35<br>(oiriúnaithe) |
|---|

(57) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt, go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 8 de ina ndearbhaítear go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach ⌦ a urramú ⌫ agus go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis ~~nó léi~~ a chosaint, agus ní mór an Rialachán seo a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do na cearta agus do na prionsabail sin.

⬇ 1141/2014 aithris 36

(58) Rialachán (AE) 2018/1725 ~~(EC) No 45/2001~~ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30][31], tá feidhm aige maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus an coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

⬇ 1141/2014 aithris 37

(59) Rialachán (AE) 2016/679~~Treoir 95/46/CE~~, tá feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta a déantar i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

⬇1141/2014 aithris 38 (oiriúnaithe)

(60) Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí a shoiléiriú gurb iad an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa, na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun rialú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus tríú páirtithe ábhartha eile dá dtagraítear nó dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mheastar a bheith ina rialaitheoirí sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 ~~(CE) Uimh. 45/2001~~ nó Rialachán (AE) 2016/679 ~~Threoir 95/46/CE~~. Is gá freisin an uastréimhse a shonrú a bhféadfaidh siad na sonraí pearsanta arna mbailiú chun críocha dhlíthiúlacht, rialtacht agus thrédhearcacht chistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a áirithiú a choinneáil lena linn. Ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, ní mór don Údarás, do Pharlaimint na hEorpa, do na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, do na húdaráis inniúla náisiúnta agus do na tríú páirtithe ábhartha na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun oibleagáidí a fhorchuirtear le Rialachán (AE) 2018/1725~~(CE) Uimh. 45/2001~~ ~~agus~~ nó ⌦le ⌫ Rialachán (AE) 2016/679~~Treoir 95/46/CE~~ a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus le cearta na ndaoine a mbaineann na sonraí leo rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta, agus lena chur faoi deara a gcuid sonraí pearsanta a cheartú agus scriosadh.

⇩ nua

(61) Chun faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart do gach Ballstát pointí teagmhála aonair a ainmniú atá i gceannas ar chomhordú leis an leibhéal Eorpach. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na pointí

30 ~~Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).~~

31 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

teagmhála sin chun comhordú éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar fhógraíocht pholaitiúil,

---

↓ 1141/2014 aithris 39 (oiriúnaithe)

(62) Tá feidhm ag ⌦ Rialachán (AE) 2016/679 ⌫~~Caibidil III de Threoir 95/46/CE maidir le leigheasanna breithiúnacha, dliteanas agus smachtbhannaí~~ i ndáil leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart na húdaráis náisiúnta inniúla nó na tríú páirtithe ábhartha a bheith faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le haon damáiste a dhéanann siad. Sa bhreis air sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis náisiúnta inniúla nó na tríú páirtithe ábhartha faoi réir smachtbhannaí iomchuí i leith sáruithe ar an Rialachán seo.

---

↓ 1141/2014 aithris 40

(63) An tacaíocht theicniúil a thugann Parlaimint na hEorpa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, ba cheart í a bheith bunaithe ar phrionsabal na córa comhionainne, ba cheart í a sholáthar in aghaidh sonraisc agus íocaíochta agus ba cheart í a bheith faoi réir tuarascála poiblí rialta.

---

↓ 1141/2014 aithris 41

(64) Ba cheart faisnéis lárnach maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.

---

↓ 1141/2014 aithris 42

(65) Cuideoidh rialú breithiúnach arna dhéanamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart forálacha a dhéanamh freisin a thabharfadh cead do pháirtithe polaitiúla Eorpacha nó d’fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha éisteacht a fháil agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh sula ndéantar smachtbhanna a fhorchur orthu.

---

⇩ nua

(66) Chun an mheastóireacht ar an Rialachán seo a ailíniú tuilleadh leis na toghcháin do thimthriall Pharlaimint na hEorpa, ba cheart dátaí an athbhreithnithe chuimsithigh atá beartaithe a oiriúnú. Thairis sin, chun dúbláil a sheachaint, ba cheart na forálacha maidir le trédhearcacht agus díriú ar fhógraíocht pholaitiúil a mheas mar chuid den tuarascáil ón gCoimisiún tar éis na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.

---

↓ 1141/2014 aithris 43

(67) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na forálacha náisiúnta fabhrach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

↓ 1141/2014 aithris 44 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(68) Ba cheart dóthain ama a thabhairt ~~do na Ballstáit~~ ⇨do pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha⇦ le forálacha a ghlacadh lena ndéanfaí cur i bhfeidhm rianúil agus éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh d'idirthréimhse idir teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ~~a chur~~ ⌦ cur ⌫i bhfeidhm ⇨cuid dá airteagail⇦.

↓ 1141/2014 aithris 45 (oiriúnaithe)

~~Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ghlac sé tuairim.~~

↓ 1141/2014 aithris 46 (oiriúnaithe)

~~I bhfianaise an ghá atá le hathruithe agus breisithe suntasacha a chur leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 a aisghairm,~~

↓ 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos sa Rialachán seo na coinníollacha lena rialaítear reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach ("páirtithe polaitiúla Eorpacha") agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach ("fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha").

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo⌦, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas ⌫ :

(1) Ciallaíonn "páirtí polaitiúil" comhlachas de shaoránaigh ⌦ a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ⌫ :

(a) ~~a shaothraíonn~~ ⌦ saothraíonn sé ⌫ cuspóirí polaitiúla;~~,~~ ~~agus~~

"(b) ~~a aithnítear~~ ⌦ aithnítear é ⌫i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó ~~atá~~ ⇨ tá sé ⇦ bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin;

(2) ciallaíonn “comhaontas polaitiúil” comhar ⇨ , is cuma cad is foirm di, ⇦ idir ⌦ baill, bídís ina ⌫ ⇨ b ⇦páirtithe polaitiúla ~~agus/~~nó ⇨ ina ⇦ saoránaigh;

(3) Ciallaíonn “páirtí polaitiúil Eorpach” comhaontas polaitiúil a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla ⇨, a bhfuil sé d’aidhm aige na cuspóirí sin a shaothrú ar fud an Aontais, ⇦ agus atá cláraithe leis an Údarás um pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ~~a bhunaítear le h~~ ⌦ dá dtagraítear in ⌫ Airteagal 7 ~~6~~, i gcomhréir leis ~~na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa~~ ⇨ an ⇦ Rialachán seo;

(4) Ciallaíonn “fondúireacht pholaitiúil Eorpach” eintiteas atá cleamhnaithe go foirmiúil le páirtí polaitiúil Eorpach, atá cláraithe leis an Údarás ⌦ um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 7 ⌫ i gcomhréir leis ~~na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa~~ an Rialachán seo, agus a dhéanann trína gníomhaíochtaí, faoi réir bhrí na n-aidhmeanna agus na luachanna bunúsacha a shaothraíonn an tAontas Eorpach, bonn taca a thabhairt do chuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh, agus na cuspóirí sin a chomhlánú, trí cheann amháin nó roinnt de na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích:

(a) an díospóireacht faoi shaincheisteanna beartais phoiblí Eorpaigh agus próiseas an lánpháirtithe Eorpaigh a bhreathnú, a anailísiú agus cur léi;

(b) gníomhaíochtaí atá nasctha le saincheisteanna beartais phoiblí Eorpaigh a fhorbairt, amhail seimineáir, oiliúint, comhdhálacha agus staidéir ar na saincheisteanna sin idir geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí óige agus ionadaithe eile na sochaí sibhialta, iad a eagrú agus tacú leo; sin agus ⇨ fothú acmhainneachta chun tacú le ceannaireacht pholaitiúil san Aontas amach anseo a fhoirmiú ⇦;

(c) comhar a fhorbairt chun daonlathas, lena n-áirítear daonlathas i dtríú tíortha, a chur chun cinn;

(d) fónamh mar chreat le haghaidh fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, acadóirí agus gníomhaithe ábhartha eile oibriú le chéile ar an leibhéal Eorpach;

(5) ciallaíonn “parlaimint réigiúnach” nó “tionól réigiúnach” comhlacht a bhfuil sainordú toghchánach réigiúnach ag a chomhaltaí nó atá cuntasach go polaitiúil do thionól tofa;

(6) ciallaíonn “cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh” deontas a dhámhtar i gcomhréir le Teideal VIII~~VI~~ de Chuid a hAon nó ranníocaíocht a dhámhtar i gcomhréir le Teideal ~~VIII~~ XIde Chuid ~~Dó~~ a hAon de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] ~~Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Airgeadais')~~;

(7) ciallaíonn “deonachán” aon tairiscint d’airgead tirim, aon tairiscint chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) ~~agus/~~nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh ~~chomh maith le~~ ⇨ agus/nó ⇦ hidirbheart ar bith eile arb

---

[32] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.07.2018, lch. 1).

ionann iad agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, cé is moite de ranníocaíochtaí ó chomhaltaí agus de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;

(8) ciallaíonn “ranníocaíocht ó chomhaltaí” aon íocaíocht in airgead tirim, lena n-áirítear táillí comhaltais, nó aon ranníocaíocht comhchineáil, nó aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh agus/~~nó~~ le hidirbheart ar bith eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, nuair is é an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach nó duine dá gcuid comhaltaí faoi seach a sholáthraíonn é, cé is moite de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;

---

⇩ nua

(9) Ciallaíonn ‘acmhainní dílse’ ioncam a ghintear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse, amhail táillí comhdhála agus díolacháin foilseachán;

(10) Ciallaíonn ‘maoiniú indíreach’ cistiú óna bhfaigheann an ballpháirtí buntáiste airgeadais, fiú i gcás nach n-aistrítear aon chistí go díreach; ba cheart go n-áireofaí leis sin cásanna lena gceadaítear don bhallpháirtí caiteachas a sheachaint a bheadh air murach sin a thabhú chun gníomhaíochtaí, seachas gníomhaíochtaí polaitiúla ar mhaithe leis an leas coiteann, a bheadh eagraithe chun a thairbhe féin agus chun a leasa aonair;

---

🡻 1141/2014

(11~~9~~) chun críocha Airteagal 23 ~~20~~ agus Airteagal 30~~27~~, ciallaíonn “buiséad bliantúil” méid iomlán an chaiteachais i mbliain ar leith amhail mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais bhliantúla an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann;

---

🡻 2018/673 Airt. 1.3

(12~~10~~) ciallaíonn “Pointe Teagmhála Náisiúnta” aon duine nó daoine atá ainmnithe go sonrach ag na húdaráis ábhartha sna Ballstáit chun faisnéis a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

---

🡻 1141/2014
⇨ nua

(13~~11~~) ciallaíonn “suíomh”⇨, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, ⇦ an suíomh ina bhfuil a riarachán lárnach ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach;

(14~~12~~) ciallaíonn “sáruithe comhthráthacha” dhá shárú nó níos mó a dhéantar mar chuid den ghníomhaíocht neamhdhleathach chéanna;

(15~~13~~) ciallaíonn “athshárú” sárú a rinneadh laistigh de thréimhse cúig bliana ó forchuireadh smachtbhanna ar dhéantóir an tsáraithe as cion den chineál céanna~~.~~;

⇩ nua

(16) Ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' fógrán de réir bhrí phointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];

[(17) Ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' fógraíocht de réir bhrí phointe (3) d'Airteagal 2 de Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];]

[(18) Ciallaíonn 'seirbhísí fógraíochta polaitiúla' seirbhísí de réir bhrí phointe (5) d'Airteagal 2 de Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
➔1 2018/673 Airt. 1.4(a)
⇨ new

# CAIBIDIL II

## *REACHT DO PHÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS D'FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA*

*Airteagal 3*

**Coinníollacha maidir le clárú**

(1) Beidh comhaontas polaitiúil ~~i dteideal~~ ⌦ in ann ⌫ clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ~~ní mór go mbeadh~~ ⌦ tá ⌫ a shuíomh i mBallstát de réir mar a thugtar le fios ina reachtanna;

(b) ⌦ tá feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas: ⌫

(i) ➔1 ~~ní mór dá~~ ⌦ tá a ⌫ bhallpháirtithe ~~a bheith~~ ionadaithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, ag comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, de pharlaimintí náisiúnta, de pharlaimintí réigiúnacha nó de thionóil réigiúnacha, ~~nó~~ 🡸

(ii) ~~ní mór go mbeadh~~ ⇨ beidh ⇦ faighte aige nó ag a bhallpháirtithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, trí faoin gcéad ar a laghad de na vótaí a caitheadh i ngach ceann de na Ballstáit sin ag na toghcháin is deireanaí do Pharlaimint na hEorpa;

---

🡻 2018/673 Airt. 1.4

(c~~ba~~) ní comhaltaí de pháirtí polaitiúil Eorpach eile iad a bhallpháirtithe;

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(~~d~~e) ~~ní mór go gcomhlíonfadh~~ ⌦ comhlíonann ⌫ sé, go háirithe ina chlár agus ina ghníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad ⇨ . Soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ag úsáid an teimpléid in Iarscríbhinn I⇦;

---

⇩ nua

(e) áirithítear leis freisin go n-urramaíonn na ballpháirtithe a bhfuil a suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE agus go n-urramaíonn na ballpháirtithe a bhfuil a suíomh lasmuigh den Aontas na luachanna coibhéiseacha. Soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ag úsáid an teimpléid in Iarscríbhinn I;

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua
⇨ new

(f~~d~~) ~~ní mór dó nó dá chomhaltaí páirt a bheith~~ ⇨ tá páirt ⇦ glactha aige nó ~~acu~~ ⇨ ag a bhaill ⇦ i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, nó a rún a chur in iúl go poiblí go bhfuil sé beartaithe acu páirt a ghlacadh sna chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa; ~~agus~~

(g~~e~~) ní ~~fhéadfaidh~~ ⌦ shaothraíonn ⌫ sé spriocanna brabúis ~~a shaothrú~~.

(2) Beidh ⌦ eintiteas ⌫ ~~iarratasóir~~ i dteideal clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ~~ní mór dó a bheith~~ ⌦ tá sé ⌫ cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) ~~ní mór go mbeadh~~ ⌦ tá ⌫ a shuíomh i mBallstát de réir mar a thugtar le fios ina reachtanna;

(c) ~~ní mór go gcomhlíonfadh~~ ⌦ comhlíonann ⌫ sé, go háirithe ina chlár agus ina ghníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad ⇨. Sólathráíonn sé dearbhú i scríbhinn ag úsáid an teimpléid in Iarscríbhinn I ⇦ ;

---

⇩ nua

(d) áirithítear leis freisin go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE agus go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh lasmuigh den Aontas na luachanna coibhéiseacha. Soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ag úsáid an teimpléid in Iarscríbhinn I;

↓ 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ new

(ed) ~~ní mór dá~~ ⇨ tá a ⇦ chuspóirí ~~a bheith~~ ag comhlánú chuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sé cleamhnaithe go foirmiúil leis;

(fe) ~~ní mór go mbeadh~~ ⌦ tá ⌫ a chomhlacht rialaithe comhdhéanta de chomhaltaí ó aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad; ~~agus~~

(gf) ní ~~fhéadfaidh~~ ⌦ shaothraíonn ⌫ sé spriocanna brabúis ~~a shaothrú~~.

(3) Ní ~~féidir le~~ ⌦ fhéadfaidh ⌫ páirtí polaitiúil Eorpach ach aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach amháin a bheith cleamhnaithe go foirmiúil leis. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil Eorpach agus gach fondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a áirithiú go ndéantar deighilt idir a mbainistíocht ó lá go lá, a struchtúir rialaithe agus a gcuntais airgeadais faoi seach.

*Airteagal 4*

**Rialachas páirtithe polaitiúla Eorpacha**

(1) Déanfaidh reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a shuíomh a chomhlíonadh agus áireofar sna reachtanna sin forálacha a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) a ainm agus a lógó~~, nach mór gur féidir é~~, ⌦ déanfar iad ⌫ a idirdhealú go soiléir ó ainm agus lógó aon pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó aon fhondúireachta polaitiúla Eorpaí atá ann cheana;

(b) seoladh a suímh;

(c) clár polaitiúil ina bhfuil a aidhm agus a chuspóirí leagtha amach;

(d) ráiteas, i gcomhréir le ~~pointe (e) d'~~Airteagal 3(1), pointe (g), nach bhfuil sé ag dul sa tóir ar spriocanna brabúis;

(e) i gcás inarb ábhartha, ainm a fhondúireachta polaitiúla cleamhnaithe agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu;

(f) a heagar agus nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais, ina sonraítear go háirithe na comhlachtaí agus na hoifigí a shealbhaíonn cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla mar aon leis na rialacha maidir leis na cuntais bhliantúla a bhunú, a fhormheas agus a fhíorú; ~~agus~~

(g) an nós imeachta inmheánach a bheidh le leanúint i gcás ina dtarlaíonn a dhíscaoileadh deonach mar pháirtí polaitiúil Eorpach~~.~~;

⇩ nua

(h) a rialacha inmheánacha lena rialaítear úsáid na fógraíochta polaitiúla;

(i) ceanglas ar na ballpháirtithe lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a thaispeáint ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, ag sonrú go bhfuil sé le bheith ar bharr leathanach tosaigh shuíomh gréasáin an bhallpháirtí agus ar bhealach atá chomh hinfheicthe céanna agus lógó an bhallpháirtí féin;

(j) a rialacha inmheánacha maidir le cothromaíocht inscne.

⬇ 1141/2014 (oiriúnaithe)

(2) Áireofar i reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh forálacha maidir le heagar inmheánach an pháirtí a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) rialacha mionsonraithe maidir le ligean isteach, éirí as oifig agus eisiamh a chomhaltaí, agus beidh liosta de na ballpháirtithe i gceangal leis na reachtanna;

(b) na cearta agus na dualgais a gabhann le gach cineál comhaltais agus na cearta vótála ábhartha;

(c) cumhachtaí, freagrachtaí agus comhdhéanamh a chomhlachtaí rialaithe, á shonrú le haghaidh gach ceann díobh na critéir chun iarrthóirí a roghnú agus na rialacha mionsonraithe dá gceapadh agus dá ndífhostú;

(d) a phróisis chinnteoireachta inmheánacha go háirithe na nósanna imeachta vótála agus na ceanglais chóraim;

(e) a chur chuige maidir le trédhearcacht, go sonrach i ndáil le leabharchoimeád, le cuntais agus deonacháin, le príobháideachas agus le cosaint sonraí pearsanta; ~~agus~~

(f) an nós imeachta inmheánach chun a reachtanna a leasú.

3. Féadfaidh Ballstát an tsuímh ceanglais bhreise a fhorchur i leith na reachtanna, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

⇩ nua

*Airteagal 5*

*Ceanglais trédhearcachta maidir le fógraíocht pholaitiúil*

(1) Áiritheoidh páirtithe polaitiúla Eorpacha go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a úsáideann siad agus iad ag gabháil d'fhógraíocht pholaitiúil a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 12 de Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla]. Chuige sin, áiritheoidh páirtithe polaitiúla Eorpacha go n-áireofar sna conarthaí arna dtabhairt i gcrích le soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla dá bhfeachtais fógraíochta tagairt shainráite do na hoibleagáidí sin.

2. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil Eorpach, laistigh de chúig lá oibre ón uair a scaipfear é den chéad uair, faisnéis a tharchur chuig an Údarás maidir le gach fógra polaitiúil a urraíonn nó a fhoilsíonn sé go díreach ionas gur féidir leis na saoránaigh comhthéacs níos leithne na fógraíochta polaitiúil a thuiscint agus a aidhmeanna a thuiscint. Áireofar san fhaisnéis sin ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II.

3. Foilseoidh an tÚdarás an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 láithreach sa stór lárnach dá bhforáiltear in Airteagal 8. Cuirfear an fhaisnéis i láthair i bhfoirm atá inrochtana go héasca, infheicthe go soiléir agus soláimhsithe, agus i dteanga shimplí.

4. Bunóidh gach páirtí polaitiúil Eorpach beartas maidir le húsáid na fógraíochta polaitiúla. Áiritheoidh sé go gcoimeádfar an beartas sin cothrom le dáta agus go mbeidh tuarascáil bhliantúil maidir lena chur chun feidhme ar fáil ar a láithreán gréasáin. Cumhdófar sa tuarascáil na fógráin pholaitiúla a foilsíodh sna cúig bliana roimhe sin agus áireofar inti

tuairisc ar na bearta sonracha a ghlacann an páirtí polaitiúil Eorpach chun an tAirteagal seo agus an fhaisnéis atá liostaithe i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a chomhlíonadh.

5. Nuair a bheidh úsáid á baint as teicnící spriocdhírithe nó méadaithe a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh fógraíochta polaitiúla, áiritheoidh Páirtithe Polaitiúla Eorpacha go gcomhlíonfar Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/XX [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla].

6. Ainmneoidh na Ballstáit údarás rialála náisiúnta amháin nó níos mó atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh míreanna 1, 2 agus 4 agus tabharfaidh siad fógra don Údarás ina leith sin. Déanfaidh na húdaráis nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta sin a gcumhachtaí a fheidhmiú go neamhchlaonta agus go trédhearcach agus ba cheart dóibh a bheith leithleach go dlíthiúil ón rialtas agus neamhspleách ó thaobh feidhme ar a rialtais faoi seach agus ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile. Foilseoidh an tÚdarás ar a shuíomh gréasáin liosta d'údaráis rialála náisiúnta na mBallstát agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. Beidh cinntí na n-údarás rialála náisiúnta faoi réir leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir sásamh iomchuí a lorg, arna iarraidh sin d'aon pháirtí leasmhar, á cheangal ar an bPáirtí Polaitiúil Eorpach deireadh a chur le haon sárú ar na hoibleagáidí atá leagtha síos i mír 1, i mír 2 nó i mír 4.

7. Beidh na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mhír 5 den Airteagal seo. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 2016/679. Beidh feidhm ag Caibidil 7 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le gníomhaíochtaí a chumhdaítear le mír 5 den Airteagal seo.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 a bhaineann le hIarscríbhinn II a leasú chun eilimintí a chur leis an liosta faisnéise atá le soláthar de bhun mhíreanna 2 agus 4 den Airteagal seo nó iad a bhaint den liosta sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha.]

---

| |
|---|
| 🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)<br>⇨ new |

*Airteagal 6~~(5)~~*

**Rialachas fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha**

1. Déanfaidh reachtanna fondúireachta polaitiúla Eorpaí an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh a chomhlíonadh agus áireofar sna reachtanna sin forálacha a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) a ainm agus a lógó~~, nach mór gur féidir é~~, ⌦ déanfar iad ⌫ a idirdhealú go soiléir ó ainm agus lógó aon pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó aon fhondúireachta polaitiúla Eorpaí atá ann cheana;

(b) seoladh a suímh;

(c) tuairisc ar a cuspóirí agus ar a haidhm, ~~nach mór dóibh bheith~~ ⌦ a bheidh ⌫ comhoiriúnach leis na cúraimí a liostaítear i⇨ n ⇦ ~~bpointe (4) d'~~Airteagal 2, pointe (5);

(d) ráiteas, i gcomhréir le ~~pointe (f) d'~~Airteagal 3(2), pointe (g), nach bhfuil sé ag dul sa tóir ar spriocanna brabúis;

(e) ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sí cleamhnaithe go díreach leis, agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu;

(f) liosta dá comhlachtaí, á shonrú le haghaidh gach ceann díobh a chumhachtaí, a fhreagrachtaí agus a chomhdhéanamh, lena n-áirítear na rialacha mionsonraithe do cheapadh agus do dhífhostú chomhaltaí agus bainisteoirí na gcomhlachtaí sin;

(g) a heagar agus nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais, ina sonraítear go háirithe na comhlachtaí agus na hoifigí a shealbhaíonn cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla mar aon leis na rialacha maidir leis na cuntais bhliantúla a bhunú, a fhormheas agus a fhíorú;

(h) an nós imeachta inmheánach chun a reachtanna a leasú; agus

(i) an nós imeachta inmheánach a bheidh le leanúint i gcás ina dtarlaíonn a díscaoileadh deonach mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

2. Féadfaidh Ballstát an tsuímh ceanglais bhreise a fhorchur i leith na reachtanna, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 7(6)*

**Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha**

1. Déantar Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (an ‘tÚdarás’) a bhunú leis seo ar mhaithe le clárú, rialú agus forchur smachtbhannaí i ndáil le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Údarás. Beidh sé neamhspleách agus déanfaidh sé a chuid feidhmeanna a fheidhmiú i lánchomhlíonadh an Rialacháin seo.

Is é an tÚdarás a dhéanfaidh cinneadh maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú agus a dhíchlárú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Sa bhreis air sin, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in Airteagal 3 agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointí (a), (b), (d), (e) agus (f), agus le pointe (a) go pointe (e) agus pointe (g) d'Airteagal 65(1), pointí (a) go (e), agus (g), á gcomhlíonadh i gcónaí ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

Ina chinntí, tabharfaidh an tÚdarás lánaird ar an gceart bunúsach um shaoirse comhlachais agus ar an ngá atá le hiolrachas páirtithe polaitiúla san Eoraip a áirithiú.

Is é a Stiúrthóir a dhéanfaidh ionadaíocht ar an Údarás agus is é a dhéanfaidh cinntí uile an Údaráis thar a cheann.

3. Ar bhonn tograí arna ndéanamh ag coiste roghnúcháin a bheidh comhdhéanta d'Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin(dá dtagraítear go comhpháirteach mar “an t-údarás ceapacháin”), agus tar éis glao oscailte ar iarrthóirí, déanfaidh na hinstitiúidí sin, de thoil a chéile, Stiúrthóir an Údaráis a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite cúig bliana.

Déanfar Stiúrthóir an Údaráis a roghnú ar bhonn a chuid nó a cuid cáilíochtaí pearsanta agus proifisiúnta. Ní comhalta de chuid Pharlaimint na hEorpa a bheidh ann nó inti, ní shealbhóidh sé nó sí aon sainordú toghchánacha ná ní bheidh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí reatha ná ina iarfhostaí nó ina hiarfhostaí de pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa i gceist leis an Stiúrthóir a cheapfar idir a chuid

dualgas mar Stiúrthóir an Údaráis agus aon dualgais oifigiúla eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo.

I gcás folúntas a thagann ann de bharr éirí as oifig, scoir, dífhostaithe nó báis, líonfar é i gcomhréir leis an nós imeachta chéanna.

I gcás ina ndéanfar Stiúrthóir nua a cheapadh ar an ngnáthbhealach nó i gcás ina n-éireoidh an Stiúrthóir as oifig dá dheoin ~~nó dá deoin~~féin, leanfaidh an Stiúrthóir dá chuid ~~nó dá cuid~~ feidhmeanna go dtí go bhfuil an duine atá le teacht ina áit ~~nó ina háit~~ tosaithe ar a chúraimí ~~nó ar a cúraimí~~.

Más rud é nach gcomhlíonann Stiúrthóir an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha atá riachtanach do chomhall a chuid ~~nó a cuid~~ dualgas, féadfar é ~~nó í~~ a dhífhostú ar chomhthoil phéire ar a laghad de na trí institiúid dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar bhonn tuarascála arna tarraingt suas ag an gcoiste roghnúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, bíodh an tuarascáil sin tarraingthe suas ar thionscnamh an choiste féin nó arna iarraidh sin ag aon cheann de na trí institiúid.

Beidh Stiúrthóir an Údaráis neamhspleách i gcomhall a chuid ~~nó a cuid~~ dualgas. Nuair a bhíonn an Stiurthóir ag gníomhú thar ceann an Údaráis, ní iarrfaidh sé nó sí teagasc ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht. Staonfaidh Stiúrthóir an Údaráis ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a chuid ~~nó a cuid~~ dualgas.

A mhéid a bhaineann leis an Stiúrthóir, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile de chuid an Aontais) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 a fheidhmiú go comhpháirteach[33]. Gan dochar do chinntí maidir le ceapadh agus dífhostú, féadfaidh na trí institiúid a chomhaontú feidhmiú cuid de na cumhachtaí eile a thugtar don údarás ceapacháin, nó iad uile, a chur ar iontaoibh ceachtar de na hinstitiúidí féin.

Féadfaidh an t-údarás ceapacháin cúraimí eile a shannadh ar an Stiúrthóir, ar choinníoll nach bhfuil na cúraimí sin ar neamhréir leis an ualach oibre a eascraíonn as a chuid ~~nó a cuid~~ dualgas mar Stiúrthóir don Údarás agus nach dóigh go gcruthóidh sé aon choinbhleacht leasa nó nach dóigh go gcuirfidh sé neamhspleáchas iomlán an Stiúrthóra i mbaol.

4. Beidh suíomh fisiceach an Údaráis i bParlaimint na hEorpa, agus soláthróidh an Pharlaimint na hoifigí is gá agus na saoráidí tacaíochta riaracháin is gá don Údarás.

---

| ↓ 2019/493 Airt. 1.1 (oiriúnaithe) |
|---|

5. Tabharfaidh baill foirne cúnamh do Stiúrthóir an Údaráis, ar ina leith a fheidhmeoidh sé ~~nó sí~~ na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus na cumhachtaí a thugtar don údarás ar tugadh de chumhacht dó conarthaí fostaíochta seirbhíseach eile a thabhairt chun críche le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin"). Féadfaidh an tÚdarás leas a bhaint in aon

[33] Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus na Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

réimse dá chuid oibre as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an Údarás.

Na Rialacháin Foirne agus ag na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh le comhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann an Údaráis.

Ní fhéadfaidh a bheith mar thoradh ar roghnú na mball foirne go mbeadh an baol ann go gcruthófaí coinbhleacht leasa idir dualgais an Údaráis agus aon dualgais oifigiúla eile, agus staonfaidh na baill foirne ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a gcuid dualgas.

---

| |
|---|
| 🡻 1141/2014 (oiriúnaithe) |
| ➔1 2018/673 Airt. 1.5 |
| ⇨ nua |
| ⇨ new |

6. Déanfaidh an tÚdarás comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Parlaimint na hEorpa, agus más iomchuí le hinstitiúidí eile, maidir le haon socruithe riaracháin atá riachtanach chun go gcomhlíonfadh an tÚdarás a chuid cúraimí, go háirithe comhaontuithe maidir le foireann, le seirbhísí agus le tacaíocht arna cur ar fáil de bhun mhír 4, mhír 5 agus mhír 8.

7. Déanfar na leithreasaí do chaiteachas an Údaráis a sholáthar faoi Theideal ar leithligh sa Roinn do Pharlaimint na hEorpa de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Beidh na leithreasaí leordhóthanach chun oibriú iomlán agus neamhspleách an Údaráis a áirithiú. Déanfaidh an Stiúrthóir dréachtphlean buiséadach don Údarás a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus poibleofar an dréachtphlean sin. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa dualgais Oifigigh Údaraithe i ndáil leis na leithreasaí sin a tharmligean chuig Stiúrthóir an Údaráis.

8. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle[34] maidir leis an Údarás.

Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh chun go bhfeidhmeoidh an tÚdarás agus an Clár.

9. Déanfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an fhaisnéis uile atá riachtanach d’fhorghníomhú a gcuid freagrachtaí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhroinnt lena chéile.

10. Déanfaidh an Stiúrthóir tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a thíolacadh go bliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún. ⇨Cuirfidh an tÚdarás na tuarascálacha ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.⇦

11. Déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmheas ar dhlíthiúlacht chinntí an Údaráis i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE agus beidh dlínse aici i ndíospóidí maidir leis an gcúiteamh i ndamáiste a raibh an tÚdarás ina shiocair leis i gcomhréir le hAirteagail 268 agus 340 CFAE. Más rud é go mainníonn an tÚdarás cinneadh a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé de cheangal air leis an Rialachán seo é sin a dhéanamh, féadfar caingean i gcoinne neamhghnímh a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 265 CFAE.

---

34 Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

*Airteagal 8(7)*

**Clár do Pháirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha**

1. Déanfaidh an tÚdarás Clár do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bhunú agus a bhainistiú. ⇨ Cuimseofar sa chlár stór le haghaidh na faisnéise a chuirfidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha ar fáil de bhun Airteagal 5(2) ⇦ Beidh faisnéis ón gClár ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 3632.

2. Chun feidhmiú rianúil an Chláir a áirithiú, cumhachtófar ⌦ cumhachtaítear ⌫ don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 36, agus laistigh de raon feidhme fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta atá ar seilbh an Údaráis agus arb é an Clár a bheidh ina thaisclann inniúil dóibh, ar a n-áireofar reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí, doiciméid ar bith eile a thíolactar mar chuid d'iarratais ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 98(2), doiciméid ar bith a fuarthas ó Bhallstát an tsuímh amhail dá dtagraítear in Airteagal 1815(2), agus faisnéis maidir le céannacht na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlachtaí nó a shealbhaíonn oifigí ag a bhfuil cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla, amhail dá dtagraítear i⇨ n ⇦ bpointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (f), agus i ⇨ n ⇦ bpointe (g) d'Airteagal 65(1), pointe (g);

(b) ábhair ón gClár amhail dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo arb é an Clár a bheidh inniúil chun dlíthiúlacht a dheimhniú de réir mar a bhunaíonn an tÚdarás é de bhun a inniúlachtaí faoin Rialachán seo. Ní bheidh an tÚdarás inniúil chun fíorú a dhéanamh cibé a bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ag comhlíonadh aon oibleagáide nó ceanglais a fhorchuirtear ar an bpáirtí nó ar an bhfondúireacht lena a mbaineann ag Ballstát an tsuímh de bhun Airteagal 4 agus 6, , Airteagal 5 agus Airteagal 1714(2) orthu agus ar oibleagáid nó ceanglas é atá sa bhreis ar na hoibleagáidí agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialacháin seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na mionsonraí a shonrú i dtaobh an uimhirchórais chlárúcháin atá le cur i bhfeidhm ag an gClár agus i dtaobh sleachta caighdeánacha as an gClár atá le cur ar fáil ag an gClár do thríú páirtithe nuair a iarrann siad é, lena n-áirítear a bhfuil i litreacha agus i ndoiciméad. Ní bheidh sonraí pearsanta san áireamh i sleachta den sórt sin cé is moite de chéannacht na ndaoine atá ina gcomhaltaí de chomhlachtaí nó a shealbhaíonn oifigí ag a bhfuil cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla, amhail dá dtagraítear i⇨ n ⇦ bpointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (f), agus i⇨ n ⇦ bpointe (g) d'Airteagal 65(1), pointe (g). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4137.

*Airteagal 98*

**Iarratas ar chlárúchán**

1. Déanfar aon iarratas ar chlárúchán a chomhdú leis an Údarás. Maidir le hiarratas ar chlár mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, is tríd an bpáirtí pholaitiúil Eorpach lena bhfuil an t-iarratasóir cleamhnaithe go foirmiúil, agus tríd sin amháin, a dhéanfar an t-iarratas a chomhdú.

2. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

(a) doiciméid lena gcruthaítear go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3, lena n-áirítear dearbhú foirmiúil caighdeánach san fhoirm a leagtar amach ~~san~~ ⇨ in ⇦ Iarscríbhinn I;

(b) reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta, ina bhfuil na forálacha is gá de réir Airteagal 4 agus Airteagal 6~~5~~, lena n-áirítear na hiarscríbhinní ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, ráiteas ó Bhallstát an tsuímh, dá dtagraítear in Airteagal 18~~15~~(2).

3. ~~Cumhachtófar~~ ⌦ cumhachtaítear ⌫ don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40~~36~~ agus de réir raon feidhme fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo ⌦ a bhaineann le ⌫:

(a) chun aon fhaisnéis bhreise nó aon doiciméad tacaíochta a bhaineann le mír 2 a shainaithint ⌦ ar faisnéis í nó ar doiciméad é a bhfuil gá leis ⌫lena chur ar chumas an Údaráis a chuid freagrachtaí a chomhall faoin Rialachán seo a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chláir;

(b) chun an dearbhú foirmiúil caighdeánach atá ~~san~~ ⌦ in ⌫ Iarscríbhinn I a leasú i ndáil le sonraí atá le líonadh isteach ag an iarratasóir i gcás inar gá sin chun a áirithiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach á sealbhú maidir leis an sínitheoir, lena shainordú ~~nó lena sainordú~~agus leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó leis an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach óna bhfuil sainordú aige ~~nó aici~~ ionadaíocht a dhéanamh chun críocha an dearbhaithe.

4. Doiciméid a chuirtear faoi bhráid an Údaráis mar chuid den iarratas, déanfar iad a fhoilsiú láithreach ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36~~32~~.

*Airteagal 10~~(9)~~*

**Scrúdú an iarratais agus cinneadh an Údaráis**

1. Scrúdóidh an tÚdarás an t-iarratas chun a chinneadh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha le haghaidh cláraithe a leagtar síos in Airteagal 3 agus an bhfuil na forálacha a cheanglaítear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal ~~5~~ 6 sna reachtanna.

2. Glacfaidh an tÚdarás cinneadh go ndéanfar an t-iarratasóir a chlárú, mura rud é go suíonn sé nach bhfuil na coinníollacha le haghaidh cláraithe a leagtar síos in Airteagal 3 á gcomhlíonadh ag an iarratasóir nó nach bhfuil na forálacha a cheanglaítear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 6 ~~5~~ sna reachtanna.

Maidir le cinneadh an Údaráis an t-iarratasóir a chlárú, foilseoidh sé é laistigh d’aon mhí amháin ó fhaightear an t-iarratas ar chlárú nó, i gcás inarb infheidhme na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 18 ~~15~~(4), foilseofar é laistigh de cheithre mhí ó fhaightear an t-iarratas ar chlárú.

I gcás ina mbíonn an t-iarratas neamhiomlán, déanfaidh an tÚdarás, gan mhoill, a iarraidh ar an iarratasóir aon fhaisnéis bhreise atá ag teastáil a thíolacadh. Chun críche an sprioc-ama a leagtar síos sa dara fomhír, ní thosóidh an tréimhse ach amháin ón dáta a bhfaighidh an tÚdarás an t-iarratas iomlán.

3. Measfar gur leor don Údarás an dearbhú foirmiúil caighdeánach dá dtagraítear i⇨ n ⇦ ~~bpointe (a) d'~~Airteagal 98(2),pointe (a) chun a shuíomh go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a shonraítear i ⇨n⇦ ~~bpointe (c) d'~~Airteagal 3(1), pointí (d) agus (e) nó i⇨n⇦ ~~bpointe (c) d'~~Airteagal 3(2), pointí (c) agus (d) cibé acu is infheidhme.

4. Maidir le cinneadh an Údaráis iarratasóir a chlárú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht le reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta lena mbaineann.

Maidir le cinneadh gan iarratasóir a chlárú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht le forais mhionsonraithe don diúltú.

5. Déanfar aon leasuithe ar na doiciméid nó na reachtanna arna dtíolacadh mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 98(2) a chur i bhfógra chuig an Údarás agus déanfaidh an tÚdarás an clárú a nuashonrú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 1815(2) agus (4), mutatis mutandis.

6. Déanfar liosta nuashonraithe de bhallpháirtithe páirtí pholaitiúil Eorpaigh, a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2), a chur chuig an Údarás gach bliain. Aon athruithe a bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach an coinníoll a leagtar síos i⇨n⇦ bpointe (b) d' Airteagal 3(1)(b), pointe (b), a thuilleadh dá n-éis, déanfar iad a chur in iúl don Údarás laistigh de cheithre seachtaine ó tharlaíonn athrú den sórt sin.

*Airteagal 11(10)*

**Comhlíonadh coinníollacha agus ceanglais an chláraithe a fhíorú**

1. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos i mír 3 ⌦ den Airteagal seo ⌫ , déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in Airteagal 3 agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i⇨ n ⇦ bpointe (a), pointe (b) agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointí (a), (b), (d), (e) agus (f), agus in Airteagal 6(1), bpointe (a) go pointe (e) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1) á gcomhlíonadh i gcónaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

2. Má fheictear don Údarás nach bhfuil aon cheann de na coinníollacha don chlárú nó aon cheann de na forálacha rialachais dá dtagraítear i mír 1, cé is moite de na coinníollacha in Airteagal 3(1), bpointe (de) d'Airteagal 3(1) agus in Airteagal 3(2), bpointe (c) d'Airteagal 3(2), á gcomhlíonadh a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra ina thaobh sin don pháirtí nó fondúireacht polaitiúil Eorpach lena mbaineann.

3. ➔1 Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di uaithi féin nó ar iarraidh réasúnaithe ó ghrúpa saoránach, arna tíolacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha a Rialacha Nós Imeachta, nó an Chomhairle nó an Coimisiún, iarraidh ar fhíorú an bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(1), pointe (d), agus in Airteagal 3(2),
bpointe (c) d'Airteagal 3(2) a thaisceadh leis an Údarás. I gcásanna den sórt sin agus sna cásanna dá dtagraítear i⇨ n ⇦ bpointe (a) d'Airteagal 1916(3), pointe (a), iarrfaidh an tÚdarás ar choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce arna bhunú le h ⌦ dá dtagraítear in ⌫ Airteagal 14 11 tuairim a thabhairt uaidh ar an ábhar. Tabharfaidh an Coiste a thuairim uaidh laistigh de 2 mhí. ⇐

I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás fios faoi fhíorais a d'fhéadfadh amhras a chruthú i dtaobh gan na coinníollacha a leagtar síos i ⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(1), pointe (d) agus i ⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(2), pointe (c) a bheith á gcomhlíonadh ag páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún d'fhonn deis a thabhairt do cheachtar acu iarraidh ar fhíorú, amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a thaisceadh. Gan dochar don chéad fhomhír, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a rún intinne ina leith sin a chur in iúl laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis sin a fháil.

↓ 2019/493 Airt. 1.2

Na nósanna imeachta a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, ní dhéanfar iad a thionscnamh laistigh de thréimhse dhá mhí roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh feidhm ag an teorainn ama sin maidir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 1210a.

↓ 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua
⇨ new

Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás cibé a ndéanfaidh sé an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a dhíchlárú. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le cinneadh an Údaráis.

Maidir le cinneadh ón Údarás díchlárú a dhéanamh ar fhorais neamhchomhlíonta na gcoinníollacha a leagtar amach i⇨ n ⇦ bpointe (c) d' Airteagal 3(1),pointe (d), nó i ⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(2), pointe (c), , ní fhéadfar é a ghlacadh ach amháin i gcás gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha sin. Beidh sé faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 4.

4. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú ar an bhforas gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(1), pointe (d), nó i⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(2), pointe (c), déanfar é a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí tar éis an cinneadh a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Comhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. I gcás go ndéanann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid, fanfaidh an páirtí nó an fhondúireacht polaitiúil Eorpach cláraithe.

Ní féidir le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ach amháin ar fhorálacha a bhaineann le measúnú chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le chlárú a leagtar amach i ⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(1) , pointe (d),agus i ⇨ n ⇦ bpointe (c) d'Airteagal 3(2), pointe (c).

Cuirfear in iúl don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann go ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh ón Údarás é nó í a dhíchlárú.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle seasamh a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha cinnteoireachta faoi seach de réir mar atá leagtha síos i gcomhréir leis na Conarthaí. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le haon agóid agus poibleofar í.

5. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú, agus nach ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 4, ⌦ mar aon le le forais mhionsonraithe don díchlárú, ⌫ ⇨ tabharfar fógra ina leith don pháirtí nó fondúireacht pholaitiúil lena mbaineann agus ⇦foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,. mar aon le forais mhionsonraithe don díchlárú tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm trí mhí tar éis dháta an fhoilsithe sin ⇨Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ach a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 297 CFAE ⇦ .

6. Forghéillfidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas mar fhondúireacht den sórt sin go huathoibríoch má bhaintear an páirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe den Chlár.

---

↓ 2019/493 Airt. 1.3 (oiriúnaithe)

*Airteagal 12 ~~10a~~*

**An nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta**

1. Ní imreoidh aon pháirtí polaitiúil Eorpach ná aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas, nó ní fhéachfaidh siad le tionchar a imirt, ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú a bheith déanta ag duine nadúrtha nó dlítheanach ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

2. Má chuirtear an tÚdarás ar an eolas go ndearna údarás maoirseachta náisiúnta de réir bhrí ~~phointe 21 d'~~ Airteagal 4, pointe (21), de Rialachán (AE) 2016/679~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~[35] cinneadh inar fionnadh gur sháraigh duine nádúrtha nó dlítheanach na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. agus má fhágann an cinneadh sin, nó i gcás ina mbeidh forais réasúnacha eile lena chreidiúint, go bhfuil nasc ag an sárú le gníomhaíochtaí polaitiúla a rinne páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhthéacs toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an tÚdarás an cás sin faoi bhráid choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce ~~a bhunaítear le h~~ ⌦ dá dtagraítear in ⌫Airteagal 14~~11~~ den Rialachán seo. Féadfaidh an tÚdarás, i gcás inar gá, idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann.

3. Tabharfaidh an coiste dá dtagraítear i mír 2 tuairim faoin gceist ar imir an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas, nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt, ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as an sárú sin. Iarrfaidh an tÚdarás an tuairim gan moill mhíchuí, agus tráth nach déanaí ná ~~1~~ mí amháin tar éis a bheith curtha ar an eolas faoi chinneadh an údaráis maoirseachta náisiúnta. Socróidh an tÚdarás sprioc-am gearr réasúnta don choiste a thuairim a thabhairt. Cloífidh an coiste leis an sprioc-am sin.

4. Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás, de bhun ~~phointe (a)(vii) d'~~Airteagal 30~~27~~(2), pointe (a)(vii), an bhforchuirfidh sé smachtbhannaí airgeadais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann. Beidh réasúnú cuí ag an gcinneadh ón Údarás, go háirithe maidir leis an tuairim ón gcoiste, agus foilseofar é go gasta.

5. Ní dochar an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo don nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 11 ~~10~~.

---

[35] ~~Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).~~

⇩ nua

*Airteagal 13*

**Tuairisciú ar fhógraíocht pholaitiúil**

Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain maidir le gníomhaíocht fógraíochta polaitiúil páirtithe polaitiúla Eorpacha. Áireofar sa tuarascáil sin achoimre fhíorasach ar na tuarascálacha don bhliain ábhartha tuairiscithe arna bhfoilsiú ag páirtithe polaitiúla Eorpacha de réir Airteagal 5(4), chomh maith le haon chinntí de chuid na n-údarás rialála náisiúnta arna n-ainmniú faoi Airteagal 5(6) nó de chuid na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 5(7) ina gcinntear gur sháraigh páirtí polaitiúil Eorpach Airteagal 5 den Rialachán seo.

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
➔1 2019/493 Airt. 1.4
⇨ nua

*Airteagal 14~~(11)~~*

**Coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce**

1. ~~leis seo~~ ⌦ An ⌫ coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce ⌦ a bhunaítear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ⌫ ~~.~~ ⇨ ,b ⇦ ~~B~~eidh sé comhdhéanta de sheisear comhaltaí, mar a ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún beirt chomhaltaí an ceann a cheapadh. Déanfar comhaltaí an Choiste a roghnú ar bhonn a gcuid cáilíochtaí pearsanta agus proifisiúnta. Ní comhaltaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle nó den Choimisiún a bheidh iontu, ní shealbhóidh siad aon sainordú toghchánacha, ní bheidh siad ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile den Aontas Eorpach ná ní bheidh siad ina bhfostaithe reatha nó ina n-iarfhostaithe de pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

Beidh comhaltaí an choiste neamhspleách i bhfeidhmiú a ndualgas. Ní iarrfaidh na comhaltaí teagasc ná ní ghlacfaidh siad teagasc ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile agus staonfaidh siad ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a ndualgas.

Déanfar an coiste a athnuachan laistigh de shé mhí tar éis dheireadh an chéad seisiúin de Pharlaimint na hEorpa i ndiaidh gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh sainordú na gcomhaltaí in-athnuaite.

2. Is é an coiste féin a ghlacfaidh a rialacha nós imeachta féin. Déanfaidh a chomhaltaí as a measc cathaoireach an choiste a thoghadh de réir na rialacha sin. Soláthróidh Parlaimint na hEorpa rúnaíocht agus cistiú an choiste. Is faoi údarás an choiste, agus faoi sin amháin, a ghníomhóidh rúnaíocht an choiste.

3. ➔1 I gcás ina n-iarrfaidh an tÚdarás air é sin a dhéanamh, tabharfaidh an coiste tuairim uaidh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon sárú follasach agus tromchúiseach féideartha a dhéanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, dá dtagraítear i⇨ n ⇦ ~~bpointe (c) d'~~ Airteagal 3(1), pointe (d), agus i ⇨ n ⇦ ~~bpointe (c) d'~~Airteagal 3(2); , pointe (c),

(b) ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas, nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt, ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta;.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den ⇨ sa ⇦ chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), féadfaidh an coiste aon doiciméad ábhartha nó aon fhianaise ábhartha a iarraidh ar an Údarás, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, ar pháirtithe polaitiúla, fondúireachtaí polaitiúla nó geallsealbhóirí eile, agus féadfaidh sé a iarraidh go dtabharfaí éisteacht dá n-ionadaithe. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) den ⇨ sa ⇦ chéad fhomhír, pointe (b) comhoibreoidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12 10a leis an gcoiste i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. 🡐

Ina thuairimí, tabharfaidh an coiste lánaird ar an gceart bunúsach um shaoirse comhlachais agus ar an ngá atá le hiolrachas páirtithe polaitiúla san Eoraip a áirithiú.

Foilseofar tuairimí an choiste gan mhoill.

# CAIBIDIL III

## *STÁDAS DLÍTHIÚIL PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS FONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA*

*Airteagal 15(12)*

**Pearsantacht dhlítheanach**

Beidh pearsantacht dhlítheanach Eorpach ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

*Airteagal 16(13)*

**Aitheantas dlíthiúil agus inniúlacht dhlíthiúil**

Beidh aitheantas dlíthiúil agus inniúlacht dhlíthiúil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sna Ballstáit uile.

*Airteagal 17(14)*

**An dlí is infheidhme**

1. Beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú leis an Rialachán seo.

2. Maidir le nithe nach bhfuil rialáilte ag an Rialachán seo nó, i gcás nach rialálann sé nithe ach go páirteach, maidir leis na gnéithe sin nach bhfuil cumhdaithe leis, beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú ag forálacha infheidhme an dlí naisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil a suíomhanna faoi seach.

Beidh na gníomhaíochtaí a dhéanann páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i mBallstáit eile á rialú ag rialacha náisiúnta ábhartha na mBallstát sin.

3. Maidir le nithe nach bhfuil rialáilte ag an Rialachán seo ná ag na forálacha is infheidhme de bhun mhír 2 nó, i gcás nach rialálann sé nithe ach go páirteach, maidir leis na

gnéithe sin nach bhfuil cumhdaithe leis, beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú ag forálacha a reachtanna faoi seach.

*Airteagal 18~~(15)~~*

**Pearsantacht dhlítheanach Eorpach a fháil**

1. Gheobhaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach Eorpach an dáta a bhfoilseofar an cinneadh ón Údarás chun é nó í a chlárú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, de bhun Airteagal 10~~9~~.

2. Má éilíonn an Ballstát ina bhfuil a shuíomh ag an iarratasóir ar chlárúchán mar pháirtí polaitiúil Eorpach nó mar fhondúireacht pholaitiúil amhlaidh, beidh ag gabháil leis an iarratas, arna chur isteach de bhun Airteagal 9~~8,~~ ráiteas arna eisiúint ag an mBallstát sin á dheimhniú gur chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais náisiúnta ábhartha uile maidir leis an iarratas, agus go bhfuil a reachtanna i gcomhréir leis an dlí is infheidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 17~~14~~(2).

3. I gcás ina dteachtann an t-iarratasóir pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí a Bhallstáit, measfaidh an Ballstát sin gurb ionann fáil na pearsantachta dlítheanaí Eorpaí agus an phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a thiontú go pearsantacht dhlítheanach Eorpach chomharbach. Déanfaidh an phearsantacht dhlítheanach Eorpach na cearta agus oibleagáidí a bhí cheana ag an iar-eintiteas dlítheanach náisiúnta a choimeád go hiomlán agus scoirfidh an t-eintiteas dlítheanach náisiúnta de bheith ar marthain. Ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann coinníollacha coisctheacha i bhfeidhm i gcomhthéacs an tiontaithe sin. Coimeádfaidh an t-iarratasóir a shuíomh sa Bhallstát lena mbaineann go dtí go mbeidh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10~~9~~ foilsithe.

4. Má éilíonn an Ballstát ina bhfuil a shuíomh ag an iarratasóir amhlaidh, ní shocróidh an tÚdarás an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 1 ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát sin.

*Airteagal 19~~(16)~~*

**Pearsantacht dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh**

1. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a phearsantacht dhlítheanach Eorpach a chailleadh ⇨ar fhógra a thabhairt i leith cinnidh de bhun Airteagal 11(5)⇦ ~~theacht i bhfeidhm do chinneadh an Údaráis é nó í a bhaint den Chlár mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. The decision shall enter into force three months after such publication unless the European political party or the European political foundation concerned requests a shorter period~~.

2. Bainfear páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach den Chlár trí chinneadh ón Údarás:

(a) mar thoradh ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 11~~10~~(2) go (5);

(b) sna cúinsí dá bhforáiltear in Airteagal 11~~10~~(6);

(c) ar iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann; ~~nó~~

(d) sna cásanna dá dtagraítear i ~~bpointe (b) den chéad fhomhír de~~ mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (b), ~~den Airteagal seo~~:

3. Má mhainnigh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an chéad fhomhír d'Airteagal 17~~14~~(2), a chomhlíonadh, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an suíomh iarraidh chuí-réasúnaithe le haghaidh díchlárú a dhíriú chuig an Údarás, arb iarraidh é ~~nach mór go sainaithneofaí~~ ⌦ a sainaithneofar ⌫ leis go beacht agus go cuimsitheach na gníomhaíochtaí mídhleathacha agus na riachtanais shonracha náisiúnta nár comhlíonadh. Sna cásanna sin, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

(a) i dtaobh nithe a bhaineann go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, nós imeachta fíorúcháin a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 11 ~~10~~(3) ⌦ den Rialachán seo ⌫ . Beidh feidhm ag Airteagail 11~~10~~, (4), (5) agus (6) ⌦ den Rialachán seo ⌫ freisin;

(b) le haghaidh aon ní eile, agus nuair a dhearbhóidh an iarraidh réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann go bhfuil na leigheasanna náisiúnta go léir ídithe, a chinneadh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a bhaint den Chlár.

Má mhainnigh páirtí polaitiúil nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an dara fomhír d'Airteagal 17~~14~~(2), a chomhlíonadh, agus má bhaineann an ní sin go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a dhíriú chuig an Údarás i gcomhréir le forálacha na chéad fhomhíre den mhír seo. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i gcomhréir le ~~pointe (a)~~ den chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo.

I ngach cás, gníomhóidh an tÚdarás gan mhoill mhíchuí. Cuirfidh an tÚdarás an Ballstát lena mbaineann agus an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas faoin obair leantach maidir leis an iarraidh réasúnaithe le haghaidh díchlárú.

4. Déanfaidh an tÚdarás an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát ina bhfuil a shuíomh ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach.

5. Má fhaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil lena mbaineann Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh nó a suíomh, measfaidh an Ballstát sin gurb ionann fáil den sórt sin agus an phearsantacht dhlítheanach Eorpach a thiontú go pearsantacht dhlítheanach náisiúnta a choimeádann go hiomlán na cearta agus na hoibleagáidí a bhí ann roimhe sin don iar-eintiteas dlítheanach Eorpach. Ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann coinníollacha coisctheacha i bhfeidhm i gcomhthéacs an tiontaithe sin.

6. Mura bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh nó a suíomh, déanfar an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme an Bhallstát sin. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a cheangal go mbeidh fáil pearsantachta dlítheanaí náisiúnta ag an bpáirtí nó ag an bhfondúireacht lena mbaineann roimh fhoirceannadh den sórt sin i gcomhréir le mír 5.

7. I ngach cás dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil an coinníoll neamhbhrabúis a leagtar síos in Airteagal 3 á urramú go hiomlán. Féadfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialacha mionsonraithe a chomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann maidir le pearsantacht

dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh, go háirithe chun go n-áiritheofaí aisghabháil aon chistí a fuarthas as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus go n-íocfaí aon smachtbhannaí airgeadais arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 3027.

# CAIBIDIL IV

# *FORÁLACHA MAIDIR LE CISTIÚ*

*Airteagal 20(17)*

**Coinníollacha maidir le cistiú**

1. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136106(1) den Rialachán Airgeadais ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí.

2. Maidir le fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá incháilithe le cur isteach ar chistiú faoi mhír 1, atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta an leagtar síos sa Rialachán seo agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136106(1) den Rialachán Airgeadais ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫, féadfaidh sí cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar thograí.

3. Chun críocha incháilitheacht do chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chinneadh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus le pointe (b) d' ⇨ h ⇦Airteagal 3(1), pointe (b), agus chun Airteagal 2219(1) a chur i bhfeidhm, measfar Comhalta Pharlaimint na hEorpa a bheith ina chomhalta d'aon pháirtí polaitiúil Eorpach amháin, arb ionann é, i gcás inarb ábhartha, agus an ceann a bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar chistiúchán a chur isteach.

---

| |
|---|
| ⬇ 2018/673 Airt. (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

4. Ní bheidh ranníocaíochtaí airgeadais ná deontais ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh níos mó ná 90 ⇨ 95 ⇦ % den chaiteachas inaisíoctha bliantúil arna léiriú i mbuiséad páirtí pholaitiúil Eorpaigh agus 95 % de na costais incháilitheacha arna dtabhú ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha aon chuid de ranníocaíocht an Aontais a dámhadh ach nár úsáideadh a úsáid chun caiteachas in-aisíoctha laistigh den bhliain airgeadais tar éis a dhámhachtana a chumhdach. Déanfar suimeanna nár úsáideadh tar éis na bliana airgeadais sin a aisghabháil i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫. ⇨Féadfaidh ranníocaíochtaí airgeadais i mbliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa 100 % den chaiteachas inaisíoctha arna thabhú ag páirtí polaitiúil Eorpach a chlúdach. ⇦

↓ 1141/2014

5. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 2421 agus in Airteagal 2522, áireofar le caiteachas is iníoctha trí ranníocaíocht airgeadais caiteachas riaracháin agus caiteachas atá nasctha le cúnamh teicniúil, le cruinnithe, le taighde, le himeachtaí trasteorann, le staidéir, le faisnéis agus foilseacháin, chomh maith le caiteachas atá nasctha le feachtais.

*Airteagal 21~~(18)~~*

**Iarratas ar chistiú**

1. Ar mhaithe le cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 2017(1) nó (2) iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa tar éis glao ar ranníocaíochtaí nó tograí.

---

↓ 2019/493 Airt. 1.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua
⇨ new

2. ~~Ní mór don~~ ⌦ Déanfaidh an ⌫ phháirtí polaitiúil Eorpach agus ~~don~~ ⇨ an ⇦ fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, tráth a iarratais nó a hiarratais, na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 2623 a chomhlíonadh, agus, ó dháta an iarratais go dtí deireadh na bliana airgeadais nó na gníomhaíochta arna cumhdach ag an ranníocaíocht nó deontas, fanacht faoi chlárú sa Chlár agus ní ~~fhéadfaidh~~ ⌦ bheidh ⌫sé nó sí faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 3027(1) agus i ⇨ n ⇦ ~~bpointe (a)(v), (vi) agus (vii) d'~~Airteagal 2730(2), ⇨ pointí (a) (v) go (ix) ⇦.

---

↓ 2018/673 Airteagal 1.7 (oiriúnaithe)

~~2a~~3. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe de chuid AE, de ghnáth, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a shuíomhanna gréasáin, , ⌦ i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (i), ⌫ ~~ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir,~~ i rith na tréimhse 12 mhí roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

---

⇩ nua

4. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go gcomhlíonann sé Airteagal 4(1), pointe (j), agus go ndearna a bhallpháirtithe faisnéis faoin ionadaíocht inscne i measc na n-iarrthóirí sna toghcháin dheireanacha do Pharlaimint na hEorpa agus faoi éabhlóid na hionadaíochta inscne i measc a bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú go leanúnach ar a shuíomhanna gréasáin le linn 12 mhí roimh an nóiméad a rinneadh an t-iarratas.

5. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go bhfuil Airteagal 5 á chomhlíonadh aige, go gcoinníonn sé beartas cothrom le dáta maidir le

húsáid fógraíochta polaitiúla agus go bhfuil sé curtha chun feidhme aige i gcaitheamh na 12 mhí roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

↓ 1141/2014 (oiriúnaithe)

63. Áireoidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a clár oibre bliantúil ina hiarratas nó ina plean gníomhaíochta.

74. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis an ghlao ar ranníocaíochtaí nó an ghlao ar thograí, agus údaróidh sé agus bainisteoidh sé na leithreasaí comhfhreagracha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫ .

85. Ní fhéadfaidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach iarratas a chur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ach amháin tríd an bpáirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil sí cleamhnaithe leis.

*Airteagal 22(19)*

**Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin**

↓ 2018/673 Airt. 1.8

1. Déanfar na leithreasaí faoi seach atá ar fáil do na páirtithe polaitiúla Eorpacha sin agus do na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sin ar ar dámhadh ranníocaíochtaí nó deontais i gcomhréir le hAirteagal 2118 a dháileadh go bliantúil ar bhonn na heochrach dáilte seo a leanas:

(a) dáilfear 10 % i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe ina scaireanna comhionanna;,

(b) dáilfear 90 % i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe i gcomhréir lena sciar de chomhaltaí tofa de Pharlaimint na hEorpa.

Úsáidfear an eochair dháilte chéanna chun cistiú a dhámhachtain ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, ar bhonn a gcleamhnachta le páirtí polaitiúil Eorpach.

↓ 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Bunófar an dáileadh dá dtagraítear i mír 1 ar líon na gcomhaltaí tofa de chuid Pharlaimint na hEorpa ar comhaltaí iad den pháirtí polaitiúil Eorpach is iarrthóir ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar cistiúchán a chur isteach, ag cur Airteagal 2017(3) san áireamh.

Tar éis an dáta sin, ní dhéanfaidh aon athruithe ar an líon comhaltaí difear don sciar cistiúcháin faoi seach idir páirtithe polaitiúla Eorpacha nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ní dochar don cheanglas in Airteagal 2017(1) maidir le páirtí polaitiúil Eorpach a bheith ionadaithe i bParlaimint na hEorpa ag comhalta amháin ar a laghad dá chomhaltaí an méid sin.

*Airteagal 23(20)*

**Deonacháin, agus ranníocaíochtaí ⌦ agus acmhainní dílse ⌫**

1. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha deonacháin a ghlacadh ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha suas le luach EUR 18000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra.

2. Tráth a ráitis airgeadais bhliantúla a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 26~~23,~~ tarchuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha liosta na ndeontóirí uile mar aon lena ndeonacháin chomhfhreagracha, ag léiriú nádúr agus luach na ndeonachán aonair. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag ballpháirtithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag balleagraíochtaí d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

I gcás deonacháin ó dhaoine nádúrtha ar mó a luach ná EUR 1500 agus atá faoi bhun EUR 3000 nó comhionann leis, déanfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a léiriú i dtaobh ar sholáthair na deontóirí comhfhreagracha toiliú roimh ré i scríbhinn iad a fhoilsiú i gcomhréir le ~~pointe (e) d'~~Airteagal ~~32~~36(1), , pointe (e).

3. Déanfar deonacháin arna bhfáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha laistigh de shé mhí roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ⇨ maille le caiteachas a chistítear ó na deonacháin sin⇦ a thuairisciú i scríbhinn chuig an Údarás ar bhonn seachtainiúil agus i gcomhréir le mír 2.

4. Déanfar deonacháin aonair ar mó a luach ná EUR 12000 ar ghlac na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha leo a thuairisciú láithreach i scríbhinn chuig an Údarás agus i gcomhréir le mír 2.

---

⇩ nua

5. I gcás gach deonacháin ar mó a luach ná EUR 3000, iarrfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar dheontóirí an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun iad a shainaithint go cuí. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig an Údarás arna iarraidh sin dó.

Bunóidh an tÚdarás foirm a úsáidfear chun críocha na chéad fhomhíre.

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)

6~~5~~. Ní ghlacfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) deonacháin nó ranníocaíochtaí atá i ndíth ainm;

(b) deonacháin ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa;

(c) deonacháin ó aon údarás poiblí i mBallstát nó i tríú tír nó ó aon ghnóthas a bhféadfadh tionchar ceannasach díreach nó indíreach a bheith ag an údarás poiblí sin air de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é; nó

(d) deonacháin ó aon eintitis phríobháideacha atá bunaithe i dtríú tír nó ó dhaoine aonair ó thríú tír nach bhfuil i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

7~~6~~. Maidir le haon deonachán nach gceadaítear faoin Rialachán seo, déanfar i gcás an deonacháin sin laistigh de 30 lá ó fuair an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach é:

(a) é a chur ar ais chuig an deontóir nó chuig aon duine a ghníomhaíonn thar ceann an deontóra; ~~nó~~

(b) nuair nach féidir é a chur ar ais, é a thuairisciú chuig an Údarás agus chuig Parlaimint na hEorpa.

⌦ Ina gcás ina dtuairisceofar deonachán, de bhun na chéad fhomhíre, pointe (b), ⌫ dĐéanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an méid infhaighte a shuíomh agus an t-aisghabháil a údarú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 98 go 100 ~~den Rialachán Airgeadais~~ ⌦ de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫. Déanfar na cistí a iontráil mar ioncam ginearálta i roinn Pharlaimint na hEorpa de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

---

⇩ nua

8. Déanfaidh an tÚdarás fíorúcháin i gcás ina bhfuil forais aige a chreidiúint gur deonaíodh deonachán de shárú ar an Rialachán seo. Féadfaidh sé chun na críche sin faisnéis bhreise a iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach agus óna dheontóirí.

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua
⇨ new

9~~7~~. Ceadófar ranníocaíochtaí le páirtí polaitiúil Eorpach óna chomhaltaí ⇨ arb i mBallstát atá a suíomh acu nó ar saoránaigh de Bhallstát iad, nó ó bhallpháirtithe arb i dtír a bhaineann le Comhairle na hEorpa atá a suíomh acu. ⇦ Ní rachaidh luach ⌦ iomlán ⌫ ranníocaíochtaí ~~den sórt sin~~⌦ ó chomhaltaí ⌫ thar 40 % de bhuiséad bliantúil ~~an~~ p~~h~~áirtí pholaitiúil Eorpaigh. ⇨ Ní rachaidh luach na ranníocaíochtaí ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas thar 10 % d'iomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí. ⇦

10~~8~~. Ceadófar ranníocaíochtaí le fondúireacht pholaitiúil Eorpach ó~~na~~ c⇨ h ⇦omhaltaí ⇨ arb i mBallstát atá a suíomh acu nó ar saoránaigh de Bhallstát iad, nó ó bhallpháirtithe arb i dtír a bhaineann le Comhairle na hEorpa atá a suíomh acu⇦, sin agus ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe. Ní rachaidh luach ⌦ iomlán ⌫ ranníocaíochtaí ~~den sórt sin~~⌦ ó chomhaltaí ⌫ thar 40 % de bhuiséad bliantúil ~~an~~fondúireachta polaitiúla Eorpaí ~~sin~~ agus ní ⌦ dhéanfar ⌫ ~~fhéadfar~~ iad a dhíorthú ó chistí a fuair páirtí polaitiúil Eorpach de bhun an Rialacháin seo ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. ⇨ Ní rachaidh luach na ranníocaíochtaí ó bhalleagraíochtaí a bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas thar 10 % d'iomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí. ⇦

Fanfaidh an dualgas cruthúnais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann, a léireoidh go soiléir ina chuntais foinsí na gcistí arna n-úsáid chun a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a mhaoiniú.

11~~9~~. Gan dochar do mhír 8~~7~~ agus do mhír 9~~8~~, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a ghlacadh ó shaoránaigh arb iad a gcomhaltaí iad suas go dtí luach EUR 18000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chomhalta, nuair a dhéanann an comhalta thar a cheann féin nó thar a ceann féin na ranníocaíochtaí sin.

Ní bheidh feidhm ag an uasteorainn a leagtar síos sa chéad fhomhír i gcás gur comhalta tofa de Pharlaimint na hEorpa, de Pharlaimint náisiúnta nó de pharlaimint réigiúnach nó de thionól réigiúnach é an comhalta lena mbaineann.

12~~10~~. Déanfar aon ranníocaíocht nach gceadaítear faoin Rialachán seo a thabhairt ar ais i gcomhréir le mír 7~~6~~.

---

⇩ nua

13. Ní rachaidh luach acmhainní dílse páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse thar 5 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí sin.

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)

*Airteagal 24~~(21)~~*

**Feachtais a mhaoiniú ~~i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa~~**

1. Faoi réir an dara fomhír, féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais arna seoladh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa a mhaoiniú, ar feachtais iad ina nglacann siad, nó a gcomhaltaí, páirt mar a cheanglaítear le ~~pointe (d) d'~~Airteagal 3(1), pointe (f).

I gcomhréir le hAirteagal 8 den Ionstraim maidir le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach[36], déantar cistiú agus teorannú féideartha speansas toghcháin do na páirtithe polaitiúla, do na hiarrthóirí agus do na tríú páirtithe uile, mar aon lena rannpháirtíocht, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a rialú i ngach Ballstát trí fhorálacha náisiúnta.

---

⇩ nua

2. Féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais reifrinn a mhaoiniú nuair a bhaineann na feachtais sin le cur chun feidhme Chonarthaí an Aontais.

---

🡻 1141/2014 (oiriúnaithe)
⇨ nua
⇨ new

3~~2~~. Ba cheart do na páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas atá nasctha leis na feachtais dá dtagraítear i mír 1⇨ agus mír 2⇦ a shainaithint go soiléir amhlaidh ina ráitis airgeadais bhliantúla.

*Airteagal 25~~(22)~~*

**Cistiú a thoirmeasc**

1. D'ainneoin Airteagal 24~~21(~~1), ní fhéadfar maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid le haghaidh maoiniú díreach nó maoiniú indíreach a dhéanamh ar pháirtithe polaitiúla eile, go háirithe páirtithe

---

36 IO L 278, 8.10.1976, lch. 5.

náisiúnta nó iarrthóirí náisiúnta. Leanfaidh na páirtithe polaitiúla náisiúnta agus na hiarrthóirí náisiúnta sin de bheith faoi rialú ag rialacha náisiúnta.

2. Ní úsáidfear cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile chun aon chríche eile seachas maoiniú a gcúraimí mar a liostaítear i⇨ n ⇦ ~~bpointe (4) d'~~Airteagal 2, pointe (4), agus chun caiteachas atá nasctha go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach ina reachtanna i gcomhréir le hAirteagal 6~~5~~ a chumhdach. Ní úsáidfear é go háirithe le haghaidh cistiú díreach nó indíreach toghchán, páirtithe polaitiúla, iarrthóirí ná fondúireachtaí eile.

~~3. Ní úsáidfear cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ná ó aon fhoinse eile chun feachtais reifrinn a mhaoiniú.~~

# CAIBIDIL V

# *RIALÚ AGUS SMACHTBHANNAÍ*

*Airteagal 26~~(23)~~*

**Cuntais, tuairisciú agus oibleagáidí iniúchóireachta**

1. Ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, an méid seo a leanas a chur faoi bhráid an Údaráis agus cuirfidh siad cóip de chuig Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus chuig Pointe Teagmhála Náisiúnta inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh:

(a) a ráitis airgeadais bhliantúla agus na nótaí a ghabhann leo, lena gcumhdaítear an t-ioncam agus an caiteachas, agus sócmhainní agus dliteanais ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil suíomh acu~~, agus a ráitis airgeadais bhliantúla ar bhonn na gcaighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle~~;

(b) tuarascáil iniúchóra sheachtraigh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, lena gcumhdaítear iontaofacht na ráiteas airgeadais sin agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncam agus a gcaiteachas araon, arna déanamh ag comhlacht nó saineolaí neamhspleách; ~~agus~~

(c) liosta na ndeontóirí agus a rannchuiditheoirí agus a ndeonachán comhfhreagrach nó a ranníocaíochtaí comhfhreagracha arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 23~~20~~(2), (3) agus (4).

2. I gcás ina gcuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le páirtithe polaitiúla náisiúnta nó ina gcuirfidh fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, nó le heagraíochtaí eile, áireofar fianaise faoin gcaiteachas arna thabhú ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha nó ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha go díreach nó go hindíreach trí na tríú páirtithe sin sna ráitis airgeadais bhliantúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha seachtracha dá dtagraítear i ~~bpointe (b) de~~ mír 1, pointe (b), a roghnú, a shainordú agus a íoc. Déanfar iad a údarú go cuí chun cuntais a iniúchadh faoin dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh nó ina bhfuil siad bunaithe.

4. Soláthróidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha aon fhaisnéis a iarrfaidh na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha chun críche a n-iniúchta.

5. Cuirfidh na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht neamhdhleathach, calaois nó éilliú amhrasta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais. Déanfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa na Pointí Teagmhála Náisiúnta a chur ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 27(24)*

**Rialacha ginearálta maidir le rialú**

1. Déanfar rialú ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheidhmiú i gcomhar leis an Údarás, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit inniúla.

2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, pointe (a), pointe (b), agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointí (a), (b), (d), (e) agus (f), pointe (a) go pointe (d) agus pointe (g) d'Airteagal 65(1), pointí (a) go (e) agus (g), Airteagal 109(5) agus (6), agus Airteagal 2320, Airteagal 2421 agus Airteagal 2522.

Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith a gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais ⌦ Rialachán (EU, Euratom) 2018/1046 ⌫. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

3. Ní fholóidh rialú an Údaráis agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa dá dtagraítear i mír 2 a n-oibleagáidí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, amhail dá dtagraítear in Airteagal 1714, a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

4. Soláthróidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha aon fhaisnéis a iarrfaidh an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, an Chúirt Iniúchóirí, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) nó na Ballstáit, ar faisnéis í is gá chun críche rialuithe a bhfuil siad freagrach astu faoin Rialachán seo a chur i gcrích.

Arna iarraidh sin orthu, agus chun críche comhlíonadh Airteagal 2320 a rialú, cuirfidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis ar fáil don Údarás maidir leis na ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí aonair agus céannacht na gcomhaltaí sin. Thairis sin, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tÚdarás a chur de cheangal ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha ráitis dheimhnitheacha shínithe a sholáthar ó chomhaltaí a shealbhaíonn sainorduithe tofa, chun críche comhlíonadh an choinníll a leagtar síos ⇨ in ⇦ sa chéad fhomhír de phointe (b) d'Airteagal 3(1) a rialú, pointe (b) (i).

*Airteagal 28(25)*

**Cur chun feidhme agus rialú maidir le cistiú ón Aontas**

1. Cinnfear leithreasaí chun páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chistiú faoi réir an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus cuirfear chun feidhme an méid sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le~~is an Rialachán Airgeadais~~ ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫ .

Leagfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa síos na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh ranníocaíochtaí agus deontas sa ghlao ar ranníocaíochtaí agus sa ghlao ar thograí.

2. Déanfar rialú an chistithe arna fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus a úsáid, a fheidhmiú i gcomhréir le~~is an Rialachán Airgeadais.~~ ⌦ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⌫.

Déanfar rialú a fheidhmiú freisin ar bhonn deimhniú bliantúil arna dhéanamh le hiniúchadh seachtrach neamhspleách, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 26~~23~~(1).

3. Feidhmeoidh an Chúirt Iniúchóirí a chumhachtaí iniúchóireachta i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

4. Maidir le haon doiciméad nó aon fhaisnéis atá riachtanach don Chúirt Iniúchóirí chun a cúram a chur i gcrích, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fhaigheann cistiú i gcomhréir leis an Rialachán iad a sholáthar arna iarraidh sin don Chúirt.

5. Sa chinneadh nó sa chomhaontú maidir le ranníocaíocht agus deontas, déanfar foráil go sainráite maidir le hiniúchadh a dhéanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus an Chúirt Iniúchóirí, ar bhonn taifead agus iniúchadh ar an láthair, ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach a fuair ranníocaíocht nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach a fuair deontas ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

